


An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016



WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016**

Arna cur faoi bhráid an Aire Stáit
um Fhostaíocht agus Gnóthais Bheaga

i gcomhréir le halt 32(1) agus 23(3)
den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015

Clár Ábhar

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra	1
Bord an Choimisiúin	2
Príomh-Mhéadracht Feidhmíochta: 2016	3
Feidhmeanna an Choimisiúin	5
Acmhainní 2016	6
Tuarascálacha Seirbhíse	7
Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí	7
Seirbhís Chomhairleach	9
Seirbhís Idir-Réitigh, Idirghabhála agus Luathréitigh	11
idir-Réiteach	11
Idirghabháil Cearta Fostaíochta	13
Idirghabháil Díospóide san Áit Oibre	13
Seirbhís Bhreithnithe	14
Seirbhís Chigireachta agus Forfheidhmithe	24
Seirbhís Chorporáideach	27
Clár Oibre 2016: Ár bhFeidhmíocht	28
Aguisíní	
Aguisín 1 Reachtaíocht faoinar féidir Gearáin a Sheoladh chuig an tSeirbhís Bhreithnithe	36
Aguisín 2 Príomhbhreithiúnais agus Príomhchinntí Breithnithe na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte	37
Aguisín 3 Iarratais ar Ghearán 2016: Bonn Reachtaíochta	47
Aguisín 4 Gníomhaíochtaí Cigireachta agus Torthaí: 2016	48
Aguisín 5 Ionchúisimh: 2016	49

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra



Oonagh Buckley

Is deas liom an dara Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a chur faoi bhráid an Aire. Cé go ndírítear sa Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin i rith 2016, tugtar cuntas inti, chomh maith, ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le tabhairt faoi na cuspóirí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise a ghlac Bord an Choimisiúin in 2016 agus treoróidh sé gníomhaíochtaí an Choimisiúin i gcaitheamh a chéad trí bliana d'fheidhmiú.

Comhlíonann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ról olltábhachtach i sochaí na hÉireann. Tríd an obair a dhéanann sé, cabhraíonn an Coimisiún chun timpeallacht shláintiúil iomaíoch a choimeád, a bhfuil fostaíocht inbhuanaithe agus déileáil chóir ag a chroílár. Déileálann se le fostóirí agus fostaíthe agus a n-ionadaithe i measc na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha, in eagraíochtaí móra agus beaga, agus i bhfostaíochtaí ceardchumann agus gan cheardchumann araon. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé le baill den phobal a ndearna soláthraithe seirbhíse idirdhealú ina leith.

Idirghníomhaíonn sé le daoine agus le gnóilachtaí ar an iomaí bealach: sna bealaí uile siúd, is é a chuid spriocanna ná chun díospóidí a réiteach a luaithe is féidir agus a ghiorra don áit oibre agus is féidir.

Ba bhliain an-dúshlánach 2016 dóibh siúd uile a raibh baint acu leis an gCoimisiún, fad a d'oibríomar na nósanna imeachta agus na córais nua a tugadh isteach faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Faoi mar a léirítear sa Tuarascáil seo, rinneadh obair shuntasach agus baineadh amach roinnt éachtaí suntasacha.

Obair idir lámha atá sa Choimisiún. Leanfaidh sé ag foghlaim, ag oiriúnú agus ag dul i mbun feabhais i gcaitheamh 2017 agus 2018. Cuirtear fáilte mhór roimh thacaíocht leanúnach ár iomaí páirtí leasmhair i gcaitheamh an ama seo.

Ceapadh in Iúil mé, i ndiaidh go ndeachaigh mo réamhtheachtaí, an tUasal Kieran Mulvey, ar scor. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis as ucht na seirbhíse poiblí a sholáthair sé ar feadh go leor blianta agus guím gach rath air ina scor.

Ó ceapadh mé, táim bainte siar ag tiomantas na foirne uile a oibríonn don Choimisiún, agus gach duine de na hOifigigh Bhreithnithe a láimhseálann na mílte gearán a fhaigheann an Coimisiún do rath an chomhlachta nua seo. Murach a n-obair dhian, ní bheimis in ann an oiread sin a bhaint amach in 2016. Molaim iad don mhéid sin.

Bord an Choimisiúin



An Dr Paul Duffy



Liam Berney



Maeve McElwee



Audrey Cahill



Geraldine Hynes



Shay Cody



Deirdre O'Brien



An Dr Michelle O'Sullivan



Richard Devereaux

Tá an Dr Paul Duffy (Leas-Uachtarán Sholáthar Domhanda Pfizer) ina chathaoirleach ar an mBord ina bhfuil naonúr.

Táillí/Eitic in Oifigí Poiblí

Cuireadh a n-oibleagáidí in iúl do gach comhalta Boird, anuas ar Bhreithneoirí, Coimisinéirí Ceart

agus Oifigeach ábhartha an Choimisiúin agus/nó comhlánaigh siad na tuairisceáin chúí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, faoi mar a theastaigh.

Níl aon táille á fáil ag an gCathaoirleach agus ag comhaltaí an Bhoird maidir le tabhairt faoina ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Ard-Stiúrthóir

Cheap an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta an tUasal Oonagh Buckley mar Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin in Iúil i ndiaidh gur tháinig sí in ionad an Ard-Stiúrthóra roimhe sin, an tUasal Kieran Mulvey, a chuaigh ar scor i Meitheamh.

Príomh-Mhéadracht Feidhmíochta 2016:



63,000
Glaos

ar Líne faisnéise an CCÁO
(+2%)

Cuair ar an
Láithreán
Gréasáin



440,000 (+23%)



Gearáin
Chigireachta

1018
(+17%)

Gearáin
Chigireachta
ar Feitheamh
Clárú



150
(-60%)



Fostaí Cumhdaithe ag
Cigireachtaí

75,000



Pá Neamhíochta
a Aisghabhadh

€1.5M (+2%)





! Fostaithe a Rinne Sárú

(37% in 2016
41% in 2015) 

86%

de Dhíospóidí
Comhchoiteanna
Réitithe ag Idir-Réiteach

Beagnach Dhá Thrian
de Dhíospóidí faoi Chearta Fostaíochta
Réitithe ag Idirghabháil



14,400

 Gearán faighte sa chéad bhliain

75% % d'éisteachtaí breithnithe cloiste laistigh de
22 seachtain tar éis an gearán a fháil



29 seachtain ón ngearán a fháil go dtí
gur eisíodh cinneadh breithnithe



Glacadh le **90%** de chinntí breithnithe



Saghas an Ghearáin:

As na gearáin shonracha a fuarthas:

Bhain **28%** le
Ceisteanna pá

Bhain **15%** le
Dífhostú Éagórach

Bhain **12%** le
Am Oibre

Bhain **11%** le
Idirdhealú/Comhionannas

Bhain **9%** le
Díospóidí Trádála/Ceisteanna CT

Bhain **9%** le Téarmaí agus
Coinníollacha Fostaíochta



85%

de Dhíospóidí san
Áit Oibre Réitithe

Feidhmeanna an Choimisiúin



Feidhmeanna an Choimisiúin

Is iad príomhfeidhmeanna an CCÁO chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feabhsú caidrimh san áit oibre a chur chun cinn, agus dea-chaidreamh san áit oibre a choimeád,
- Comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha fostaíochta a chur chun cinn agus a spreagadh,
- Treoir a sholáthar maidir le comhlíonadh na gCód Cleachtais,
- Tabhairt faoi athbhreithniú ar, agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí, i gcaidreamh san áit oibre go ginearálta,
- An taighde ábhartha a dhéanamh nó a choimisiúnú agus comhairle, faisnéis agus torthaí taighde a sholáthar do Chomhchoistí Saothair agus do Comh-Chomhairlí Tionsclaíocha,
- An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta a chur ar an eolas maidir leis an reachtaíocht ábhartha a chur i bhfeidhm, agus comhlíonadh na reachtaíochta sin, agus chun
- Faisnéis a sholáthar don phobal maidir le reachtaíocht fostaíochta².

Léirítear i gcroisheirbhísí an Choimisiúin an creat seo agus áirítear leis luathréiteach díospóide, idirghabháil, idir-réiteach, seirbhísí éascaithe agus comhairleacha, breithniú ar ghearáin agus díospóidí a sholáthar, anuas ar chomhlíonadh na reachtaíochta um chearta fostaíochta a chur chun cinn agus, sa chás gur gá, é seo a bhaint amach trí fhorfheidhmiú, cearta fostaíochta agus faisnéis faoi chaidreamh tionsclaíoch go ginearálta a sholáthar, agus ceadúnais ghníomhaireacht fostaíochta agus um chosaint daoine óga (fostaíocht) a phróiseáil.

Acmhainní 2016

Acmhainní 2016

An Costas atá ar na Seirbhísí a Sholáthar

Oifig den Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta is ea an CCÁO agus cistítear é ó laistigh de Vóta foriomlán na Roinne.

Pá:	€10.081m
Neamhphá:	€2.489m
Iomlán:	€12.570m

Tábla 1



Soláthar Foirne

Ag deireadh na Nollag 2016, bhí leithdháileadh foirne 164.1 fostaí buan sa Choimisiún ar státseirbhísigh iad agus atá mar chuid de bhunaíocht soláthair foirne na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Cuireann 29 Oifigeach Breithnithe breise leis an soláthar foirne a dhéantar a chonrú chun cabhrú leis an tSeirbhís Bhreithnithe ar bhonn cás ar chás.

Ard-Stiúrthóir	1
Príomhoifigeach Oibríochtaí	1
Cláraitheoir	1
Príomhoifigeach	5
Aturnae	0.6
Príomhoifigeach Cúnta	18.7
Oifigeach Riaracháin	1
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	18
Oifigeach Feidhmiúcháin	63.6
Oifigeach Cléireachais	54.2
Iomlán	164.1

Tábla 2

Tuarascálacha Seirbhíse



Seirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí

Soláthraíonn Aonad Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí an CCÁO faisnéis ar chearta agus teidlíochtaí faoin reachtaíocht fostaíochta. Chomh maith leis sin, próiseálann an tAonad seo gach foirm ghearáin de chuid an CCÁO agus déileálann sé le gach gné de cheadúnú na ngníomhaireachtaí fostaíochta agus leanaí chun oibriú i scannán, poist chultúrtha, spóirt nó fógraíochta.

Soláthraítear faisnéis maidir le cearta fostaíochta, comhionannas, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta tríd an méid a leanas:

- Seirbhís thiomnaithe ghutháin a fheidhmíonn Oifig Faisnéise thaithíochta.
- Láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. (www.workplacerelations.ie)
- Leabhráin faisnéise, bileoga agus litríocht eile a dhearann agus a chuireann an CCÁO i dtoll a chéile.
- Faisnéis a sholáthar do pháirtithe ábhartha maidir le stádas gearán, atreoraithe díospóide agus iarratas ar chásanna cead fostaíochta.


Fiosrúcháin Ghutháin

Logáil an “Líne Faisnéise” - 1890-80-80-90 os cionn 63,385 glao i rith 2016, a bhain le hábhair idir ceisteanna a bhain le ceadanna oibre (34%), uaireanta oibre (16%), agus téarmaí fostaíochta (10%), agus fiosrúcháin maidir le stádas cásanna.

D’fhéadfadh na ceisteanna a tugadh chun solais bheith de chineál íogair agus bíonn iarracht á déanamh ag glaoiteoirí amanna chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna nach raibh cur amach acu orthu roimhe seo. B’fhéidir go nglacfaidh sé roinnt ama ar dhéileáil le glaonna, ach tá sé mar aidhm againn i gcónaí chun am leordhóthanach a thabhairt chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfágann an glaoiteoir leis an bhfaisnéis a bhí ag teastáil uathu.


Soláthraítear sna cairteacha a leanas miondealú ar shaghas na nglanna a fuarthas, na hearnálacha a ndearnadh ionadaíocht dóibh agus saghas an ghlaoteora.

Ábhar an Ghlaio




Cairt 1

Tionscal



Cairt 2

Saghas an Ghlaioiteora



Cairt 3

An Láithreán Gréasáin agus Cuir i Láthair

Tháinig méadú ar úsáid an láithreáin ghréasáin bliain i ndiaidh bliana agus rinneadh thart ar 2.2m. amharc leathanaigh a logáil i rith 2016 (ar méadú 17% é seo ar 2015). Tá an Coimisiún feasach, ón aiseolas, ar an ngá atá le leanúint le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an láithreán gréasáin i dtaobh bheith furasta le húsáid agus éifeachtúlachta go ginearálta. Is dócháil go ndéanfar an láithreán gréasáin a athdhearadh i rith 2017.

Bealach eile chun feasacht a ardú ar an reachtaíocht um chearta fostaíochta, an CCÁO go ginearálta, agus ar na bealaí éagsúla is féidir le daoine rochtain a fháil ar ár seirbhísí atá i gcuir i láthair agus taispeántais, atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne. In 2016, tugadh faoi 27 ceann de na cuir i láthair agus na taispeántais siúd.

Tuarascáil Achomair ar Ghníomhaíocht

Seirbhísí Faisnéise

Glaonna a Fuarthas	63,385
Amhairc Leathanach Gréasáin	2,199,014
Ríomhfhoirm a Fuarthas	5,547
Cuir i Láthair/Taispeántais	27

Tábla 3

Ceadúnú na Gníomhaireachta um Chosaint Daoine Óga agus Fostaíochta

I rith 2016, d'eisigh an Rannán 532 ceadúnas a chuimsigh 1,322 leanbh ar an iomlán maidir le Cosaint Daoine Óga. D'eisigh sé 647 ceadúnas na gníomhaireachta fostaíochta, chomh maith.

Seirbhís Chomhairleach

Cuireann Seirbhís Chomhairleach dea-chleachtas san áit oibre chun cinn trí chabhrú le heagraíochtaí agus iad a chur ar an eolas ar gach gné de chaidreamh tionsclaíoch san áit oibre, agus déanann sí idirchaidreamh le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe chun cabhrú leo cleachtas, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtacha um chaidreamh tionsclaíoch a fhorbairt.

Déileálann an tSeirbhís le fostóirí agus fostaithe agus a n-ionadaithe i measc na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha, in eagraíochtaí móra agus beaga, agus i bhfostaíochtaí ceardchumann agus gan cheardchumann araon. Déanann sí a samhail chomhairle agus idirghabhála a shaincheapadh chun freastal ar agus dul i ngleic leis na saincheisteanna a thagann chun solais san áit oibre ar leith. Tá an bhaint atá ag an tSeirbhís i ndíospóid iar-Luas ar shampla de seo le déanaí.

Luas

Bhí dearcthaí tréana nimhneacha maidir le pá i gceist le díospóid Luas, go ginearálta. Ag leanúint ó obair Sheirbhís Idir-Réitigh an CCÁO chun na saincheisteanna a bhí ina n-ábhar díospóide idir na páirtithe a mhúnú, réitíodh an díospóid trí Mholadh fairsing de chuid na Cúirte Oibreachais a dhéileáil le hiomláine na saincheisteanna seo.

Mar chuid dá sraith fhoriomlán moltaí, mhol an Chúirt go dtabharfaí Seirbhís Chomhairleach an CCÁO faoi athbhreithniú ar chaidreamh san áit oibre agus ar chaidreamh tionsclaíoch sa Chuideachta. Tugadh an t-athbhreithniú seo chun críche le déanaí. Oibreoidh an tSeirbhís anois leis an dá thaobh chun bearta a thabhairt isteach chun caidreamh tionsclaíoch agus cleachtas san áit oibre agus a fheabhsú sa chuideachta.

Tá gné nua d'obair na Seirbhíse dírithe ar chabhrú le hionadaithe bainistíochta agus fostaí chun díospóidí a réiteach i gcásanna nach mbíonn socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm agus sa chás go dteipeann ar chomh-mhargáil titim amach – gné “comh-mhargáil”, nó mar a thugtar air, den Acht Caidrimh Thionscail, 2015.

Sna cásanna siúd, oibríonn an tSeirbhís Chomhairleach chun idirchaidreamh a éascú idir na páirtithe maidir le saincheisteanna seachas comh-mhargáil, ar sampla de sin téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta, an pá san áireamh. I rith 2016, thit 10 gcinn de na hidirghabhálacha siúd, ar an iomlán, amach agus rinneadh trí cinn díobh siúd a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais.

Oiliúint an CCÁO

Déanann an tSeirbhís Chomhairleach maoirsiú ar oiliúint a sholáthar ag an CCÁO ar gach gné den chaidreamh fostaíochta agus conas a chuirimid comhairle ar pháirtithe faoi conas is fearr úsáid a bhaint as ár seirbhísí. Maidir leis seo, soláthraíonn an CCÁO oiliúint shaincheaptha, chomh maith, maidir le gnéithe ar leith den áit oibre a bhfuil an oiliúint á soláthar dóibh. Soláthraíonn an fhoireann ó gach Rannán den CCÁO an oiliúint seo a chinntíonn go mbaintear an úsáid is mó agus is féidir as ár saineolas agus eolas.

Soláthraítear oiliúint saor in aisce agus cuirtear ar siúl í ar an láthair nuair a iarrtar amhlaidh.

Faisnéis agus Comhairliúchán

D'fhorbair agus sholáthair an tSeirbhís oiliúint don fhoireann agus don lucht bainistíochta eagraíochtaí neamhcheardchumainn maidir le dea-chleachtas agus cur bhfeidhm na Treoracha maidir le Faisnéis agus Comhairliúchán 2008.

Dínit ag an Obair

D'fhorbair agus sholáthair an tSeirbhís Chomhairleach oiliúint um Dhínit ag an Obair do chomhlacht oideachais le déanaí. Áiríodh leis an mbreac-chuntas don chúrsa seo oideachas ar Bhulaíocht/Chiapadh/Chiapadh Gnéasach, agus beartais agus nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, thug an oiliúint cuntas ar na tairbhí a bhain le cur chuige réitithe i leith réiteach coimhlinte, agus úsáid á baint as an tsamhail a d'fhorbair an tSeirbhís Chomhairleach.

Coimhlint san Ionad Oibre:

Dhear an tSeirbhís clár oiliúna trí lá maidir le Coimhlint san Áit Oibre i rith na bliana agus tabharfaidh sí leagan saincheaptha isteach d'institiúid mhór neamhbhrabúis níos i mbliana.

Faoi mar a tugadh le fios i Ráiteas Straitéise 2016-2018 an Choimisiúin, d'fhorbair an tSeirbhís Tionscnamh Úsáideoirí Minice na Seirbhís Breithnithe i rith 2016 chun saincheisteanna córasacha a shainathint atá mar chúis le gearáin ar leith a atreorú (agus b'fhéidir patrún d'atreorú ó fhostaíochtaí ar leith) chuig an tSeirbhís Bhreithnithe. Tabharfar isteach gné oibríochtúil an tionscnaimh seo in 2017.

Tuarascáil Achomair ar Ghníomhaíocht

Saghas an Tionscadail	Iomlán
IR 76 (“Comh-Mhargáil”)	10
Páirtithe Éascaithe/Comhoibre	19
Athbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch ar leibhéal na Cuideachta	13
Oiliúint	9

Tábla 4



Seirbhís Idir-Réitigh, Idirghabhála agus Luathréitigh

Idir-Réiteach

Cabhraíonn an tSeirbhís Idir-Réitigh le fostóirí agus lena bhfostaithe chun díospóidí a réiteach nuair a theip orthu comhaontú a bhaint amach i rith a n-idirbheartaíochtaí féin.

Tá grúpa d'Oifigigh um Chaidreamh Tionsclaíoch mar fhoireann sa tSeirbhís a bhfuil go leor blianta de shaineolas acu i dteannta a chéile i dtaobh díospóidí earnála príobháidí agus poiblí araon a réiteach. Léirítear seo sa ráta foriomlán réitigh 86% i ndíospóidí ar déileáladh leo i rith 2016.

Gníomhaíocht Idir-Réitigh 2016

Tháinig plé ar phá chun solais arís i gcúrsaí um chaidreamh tionsclaíoch i gcaitheamh 2016 sna hearnálacha príobháideacha agus tráchtála Stáit, áit ar léirigh treocht i gcomhaontuithe pá gluaiseacht aníos i réitigh agus, sa tráth céanna, tháinig líon saincheisteanna 'Comhaontú Seirbhíse Poiblí' chun solais i gcaitheamh speictream leathan fostaíochtaí earnála poiblí.

Chomh maith leis sin, tá fianaise shoiléir ann go bhfuil gníomh tionsclaíoch nó bagairt ar dhul i mbun gníomh tionsclaíoch atá ag céim luath sa phróiseas díospóidí ag éirí níos coitianta, go háirithe i

bhfostaíochtaí earnála poiblí agus in earnáil an Stáit.

Titeann an méadú seo ar ghníomhaíocht um chaidreamh tionsclaíoch amach i gcomhthéacs feabhais atá tagtha ar an timpeallacht gheilleagrach agus fiontair, i ndiaidh tréimhse fhada de dhéine agus de chiorrú.

Maidir leis seo, chabhraigh an tSeirbhís Idir-Réitigh chun go leor saincheisteanna a réiteach, agus bhain iad siúd ba chriticiúla le hathstruchtúrú cuideachta a dhéanamh fad a bhí an geilleagar ag éirí níos iomaíche agus a bhí ag dul i mbun feabhais. Chomh maith leis sin, sholáthair an tSeirbhís cabhair, ar bhonn ad hoc, i ndíospóidí nach dtiocfadh laistigh dá sainchúram go foirmiúil.

I dtaobh na n-earnálacha príobháideacha agus tráchtála leathstáit, chabhraigh an tSeirbhís Idir-Réitigh chun díospóidí a réiteach agus/nó d'éascaigh sí na páirtithe chun plé a dhéanamh le heagraíochtaí éagsúla fostaíochta. Bhain réimse leathan d'fhostaíochtaí leis na cásanna suntasacha: Feighlíocht Leanaí Éireann, ERVIA, Irish Life, Iarnród Éireann, Kerry Ingredients, Liebherr, Tesco, an Príomh-Ospidéal Meabhairghalair, Uisce Éireann, Hoyer, Banc-Aontas Éireann, agus roinnt eagraíochtaí/institiúidí a bhaineann le cúrsaí oideachais agus sláinte.

Bus Átha Cliath agus Grúpa Ceardchumann

I ndiaidh díospóidí fhadálach idir an lucht bainistíochta agus ceardchumann ag Bus Átha Cliath, a raibh roinnt laethanta de ghníomh stailce mar thoradh uirthi, ghlac na páirtithe le tograí an CCÁO maidir le pá agus bearta eile i nDeireadh Fómhair 2016.

Bausch & Lomb agus SIPTU:

Seachnaíodh gníomh tionsclaíoch i measc os cionn 1,000 oibrí ag ionad Bausch & Lomb i bPort Láirge i Nollaig 2016 i ndiaidh go ndearna an CCÁO idirghabháil. Ina leith seo, glacadh le togra a bheartaigh an Coimisiún, ina raibh ardú pá 9.5% i gcaitheamh tréimhse trí bliana, anuas ar íocaíocht €500 i dtosach chun tús a chur le tabhairt isteach na n-athruithe.

Element6 agus SIPTU

Déanann Element Six sárábhair shintéiseacha dhiamaint a dhéantúsú agus ball é de ghrúpa ilnáisiúnta De Beers. Tá saoráid déantúsaíochta aige in Eastát Tionsclaíochta Shionainne a fhostaíonn breis agus 400 duine.

Bhagair saincheisteanna idir an lucht bainistíochta agus an ceardchumann, ina raibh réimse leathan de thograí athraithe, ar chur isteach ar tháirgeadh ar an láthair. Mar thoradh ar chainteanna idir-réitigh a raibh an Coimisiún

mar chathaoirleach orthu, ghlac an dá thaobh le sraith chuimsitheach de thograí ón CCÁO.

San earnáil seirbhíse poiblí, chabhraigh an tSeirbhís Idir-Réitigh le speictream leathan de dhíospóidí um chaidreamh tionsclaíoch de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) (go réigiúnach agus go náisiúnta araon). Bhain ardmhéid d'idirchaidreamh dian i gcaitheamh tréimhsí fada agus fadálacha le go leor de na díospóidí ar leith seo. I gcaitheamh na bliana, thit líon mór idirchaidrimh amach, chomh maith, ina raibh baint ag cuideachtaí laistigh den earnáil iompair, e.g. seirbhísí eitlíochta, bus, traenach agus tram.

Rannóg Éigeandála Ospidéal FSS agus Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (an INMO) Fad a bhí bagairt ar dhul i mbun gníomh tionsclaíoch i roinnt Rannóga Éigeandála in Ospidéal, i ndiaidh gur diúltaíodh tograí a rinne an CCÁO ní ba luaithe, thug an Coimisiún cuireadh do na páirtithe chun tabhairt faoi chainteanna breise.

Thit idirchaidreamh agus idirbheartaíocht dhian leis na páirtithe agus idir na páirtithe agus d'eisigh an CCÁO tograí breise leasaithe ina dhiaidh sin go

luath in 2017, agus chuir seo leis na tograí a eisíodh i Nollaig 2016.

Rinne na tograí seo an díospóid a réiteach.

B'ionann an líon iomlán atreoruithe a rinneadh chuig an tSeirbhís Idir-Réitigh agus 1037 i gcaitheamh na bliana. Chuir an tSeirbhís ráta réitigh 86 faoin gcéad i dtaifead i rith 2016.

Chomh maith leis sin, d'fheidhmigh foireann na Roinne mar chathaoirleach agus d'fhreastail sí ar 311 próiseas éascaitheach. B'éard a bhain leis an obair seo ná maoirseacht a dhéanamh ar Ghrúpaí Maoirseachta laistigh de Chreat Comhaontaithe na Seirbhíse Poiblí, bheith mar chathaoirleach ar Chomh-Choistí Saothair (Glantachán Conartha, Slándáil, Gruagaireacht) anuas ar roinnt Comh-Chomhairlí Tionsclaíocha (Tógáil, Leictreach, Tionsclaíoch Stáit). Anuas air sin, gníomhaíonn foireann na Seirbhíse mar Oifigigh Achomhairc do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna), chomh maith, maidir lena Nósanna Imeachta Casaoide agus Disciplíneacha agus Nósanna Imeachta Bulaíochta agus Ciaptha (éisteadh le 13 cinn de na nósanna imeachta achomhairc siúd le bliain anuas).

Comhchoiste Saothair i dtaobh Glanadh ar Conradh

Rinne an Comhchoiste Saothair Glanadh ar Conradh tograí a chomhaontú agus a sheoladh ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais le haghaidh Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) a rinne soláthar d'iomlán carnach 10.75% i dtrí mhéadú pá ar leith, a chumhdaíonn an tréimhse a fhad le Nollaig 2019.

Fostaíonn an earnáil seo thart ar 30,000 oibrí.

Atreoraíodh 145 díospóid, ar an iomlán, chuig an gCúirt Oibreachais agus in go leor de na hatreoruithe seo chuig an gCúirt, rinneadh dul chun cinn suntasach nuair a bhí idir-réiteach á dhéanamh i dtaobh na difríochtaí a laghdú idir na páirtithe agus rinneadh saincheisteanna óna dteastaíonn Moladh críochnaitheach ón gCúirt Oibreachais a bheachtú agus a laghdú, dá bharr.



Idirghabháil Cearta Fostaíochta

Soláthraítear idirghabháil cearta fostaíochta nuair a chomhaontaigh an dá pháirtí chun tabhairt faoi idirghabháil agus sa chás go bhfuil an díospóid oiriúnach i dtaobh na seirbhíse. Féadfaidh idirghabháil rathúil a chur ar chumas rannpháirtithe chun úinéireacht a ghlacadh ar réitigh a comhaontaíodh laistigh de na paraiméadair a bhaineann le rúndacht iomlán.

Roghnaíonn an Coimisiún cásanna le haghaidh idirghabhála agus soláthraítear an tseirbhís seo ar bhonn duine ar dhuine nó trí sheirbhís ghuthánbhunaithe. Sainathnóidh agus déileáladh le 69 cás idirghabhála réamhbhreithnithe agus réitíodh nó aistarraingíodh 63% díobh; lean an fuilleach díobh ar aghaidh go dtí Breithniú.

I gcásanna áirithe, féadtar gearáin a chur ar fáil chun cabhrú leis an tSeirbhís Luath-Réitigh (SLR) ar seirbhís ghuthánbhunaithe í go príomha.

Ní chuirtear idirghabháil tríd an SLR ar fáil ach i gcásanna ina bhfuil deis réasúnta ann chun réiteach a bhaint amach, i mbreithiúnas na Seirbhíse. Déantar an triáiseáil

seo lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil. Mura mian le gearánaí nó le freagróir an tseirbhíse a úsáid, nó mura réitíonn an tSeirbhís an tsaincheist, cuirtear an gearán faoi bhráid na Seirbhíse Breithnithe, gan mhoill.

In 2016, chuir an SLR a sheirbhísí ar fáil in 1122 cás, ar ghlac an dá pháirtí leis seo i 662 cás. B'ionann líon na gcásanna a réitíodh nó a aistarraingíodh agus 321, arb ionann sin agus díreach faoi bhun 50%.

Príomhuirlis is ea an tSeirbhís Idirghabhála chun díospóidí a réiteach agus déanfaidh an CCÁO í a chur chun cinn agus tacú léi go hiomlán i rith 2017.

I gcomhthéacs forbairtí níos fairsinge lena spreagadh úsáid a bhaint as idirghabháil mar rogha eile ar bhreithniú díospóide, beartaíonn an Coimisiún chun an líon idirghabháil SLR a mhéadú in 2017, agus chun an fháil atá ar idirghabháil SLR “duine ar dhuine” i gcásanna oiriúnacha a mhéadú.



Idirghabháil Díospóide san Áit Oibre

Soláthraíonn an tSeirbhís Idirghabhála san Áit Oibre freagairt shaincheaptha ar shaghsanna áirithe de shaincheisteanna agus de dhíospóidí a thagann chun solais in áiteanna oibre. Tá an tseirbhís seo an-oiriúnach do dhíospóidí aonair nó grúpa bhig san áit oibre a réiteach maidir le coimhlint san áit oibre agus le deacrachtaí fostaíthe a bheith ag oibriú le chéile. Soláthraíonn foireann idirghabhálaithe a bhaintear ó Sheirbhísí Comhairleacha agus Réitigh an tseirbhíse agus déanann an tSeirbhís Réitigh bainistiú uirthi. Áiríodh le saincheisteanna tipiciúla ar déileáladh leo i gcaitheamh na tréimhse caidreamh idirphearsanta san áit oibre, idirghabháil comhionannais, agus saincheisteanna casaoide agus disciplíneacha nós imeachta, go ginearálta.

Rinneadh 37 iarraidh ar an tseirbhís seo i rith 2016 agus réitíodh 70 faoin gcéad díobh, aistarraingíodh 14 faoin gcéad díobh, agus tá na cásanna eile fós ar bun.

Seirbhís Bhreithnithe

Déanann an tSeirbhís Bhreithnithe fiosrú ar dhíospóidí, casaoidí agus éilimh a dhéanann daoine aonair nó grúpaí beaga oibríthe faoin reachtaíocht fostaíochta a liostaítear in Aguisín 1.

Cuirtear éisteachtaí roimh Oifigeach Breithnithe ar bun go príobháideach. I ndiaidh na héisteachta, eisíonn an tOifigeach Breithnithe cinneadh i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus eisítear an cinneadh do na páirtithe. Foilsítear na cinntí seo ar láithreán gréasáin an CCÁO ar bhealach nach sainaithníonn na páirtithe.

Féadtar gach cinneadh a achomharc leis an gCúirt Oibreachais.

Leagtar amach coimre staitisticí de na príomhchinntí Breithnithe anuas ar bhreithiúnais ábhartha na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte ag Aguisín 2.

Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Bunaíodh an tSeirbhís chun aonán singil a chruthú chun gearáin a phróiseáil go foirmiúil a ndéileálann Seirbhís an Choimisinéara um Chearta, an Binse Comhionannais agus an Binse Achomhairc

Fostaíochta leis. Bhí an chéad bhliain d'oibríochtaí dúshlánach mar gheall go ndearnadh córais chónasctha agus córais nua a choigeartú i gcomhthéacs taithí. Ina leith seo, rinne an tSeirbhís idirchaidreamh fairsing leis an iomaí comhlacht páirtithe leasmhara³ atá aici agus fuair sí aiseolas díreach ó chleachtóirí, agus léiríodh go raibh seo thar a bheith fiúntach i dtaobh a chinntiú gur thug an CCÁO tús áite d'fheabhsúcháin oibríochtúla a theastaigh.

I measc roinnt samplaí, tá an méid a leanas:

- d'fhéadfaí na paraiméadair maidir leis an iarratas agus cur ar athló agus éisteachtaí a chur siar a bheith ní ba bheachta,
- níl an ceanglas á chomhlíonadh ag roinnt páirtithe chun ráitis a sheoladh ar aghaidh laistigh den am a iarradh,
- ba cheart go mbeadh nósanna imeachta éisteachta soiléirithe agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- i dtaobh soiléireachta agus simpliú, faisnéis níos fearr agus níos tráthúla maidir le cinntí,
- is gá incheardaitheacht cinntí ar an láithreán gréasáin a fheabhsú,
- thug go leor le fios go bhféadfadh go bhfuil na hamlínte forordaithe chun ráitis a sheoladh ar aghaidh ró-dhian,

go háirithe maidir le cásanna a bhaineann le Comhionannas/Dífhostú Éagórach mar is gnách gurb iad is casta,

- tá an bonn ionaid réigiúnach róchúng – go háirithe i gceantair den tír atá iargúlta i dtaobh cúrsaí tíreolaíochta.

Chuathas i ngleic leo seo cheana féin (e.g. nósanna imeachta éisteachta), tá cinn eile ar bun (e.g. ionaid éisteachta, láithreán gréasáin), agus rachfar i ngleic leo i gcaitheamh 2017, agus tá cinn eile (e.g. aighneachtaí “in am”) faoi smacht na bpáirtithe leis an ngearán. Maidir leis an tsaincheist dheireanach thuas, leag an CCÁO an bhéim air agus leanfaidh sé ag tabhairt faoi chur chuige neamhrechtúil in 2017 chun páirtithe a spreagadh chun aighneachtaí atá mionsonraithe a dhóthain a sholáthar in am.

Tá an CCÁO go hiomlán tiomanta don phróiseas idirchaidrimh le páirtithe leasmhara agus casfaidh sé le páirtithe leasmhara ábhartha arís eile in 2017.

³ An Dlí-Chumann, Cumann Dlí Fostaíochta na hÉireann, an Cumann Barra Fostaíochta, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, an Comhaontas Comhionannais agus Ceart, Ibec, Comhdháil na gCeardchumann, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, etc.



Gearáin leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in 2016

I gcaitheamh 2016, fuarthas 6,863⁴ “Iarratas ar Ghearán”, ar an iomlán. B'éard a bhí sna hiarratais seo ná 14,004 “Gearán Sonrach”, i.e., dhá shaincheist ar leith, ar an meán, maidir leis an reachtaíocht fostaíochta laistigh de gach iarratas. As na gearáin shonracha seo, cuireadh 1,478 díobh faoi bhráid an Rannáin Chigireachta.

Léiríonn an ráta atreoraithe iarratas sonrach meath beag idir Ráithe 1 agus Ráithe 4 (tugtar seo faoi deara, chomh maith, sna hatreoruithe míosúla, cé go léiríonn roinnt míonna rátaí atreoraithe níos airde ná cinn eile). Nuair a chuirtear san áireamh gurb é seo an chéad bhliain iomlán d'oibriú, tá sé ró-luath go fóill lena rá an bhfuil cothromú ag teacht ar leibhéil atreoraithe i ndiaidh gur tháinig borradh orthu i dtosach i ndiaidh gurb bunaíodh sinn. Ina leith seo,

is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, gurbh ionann na rátaí atreoraithe le haghaidh Ráithe 4 2015 agus 1,690 agus 3,212 le haghaidh iarratas ar ghearán agus iarratais shonracha, faoi seach.

Iarratais ar Ghearán de réir Ráithe - 2016



Cairt 4

⁴ Seoladh 84% de na gearáin seo ar aghaidh “ar líne”. Ba cheart go ndéanfadh cur chun breise ag an CCÁO agus comhoibriú ag gearánaithe agus/nó a n-ionadaithe é seo a mhéadú i gcaitheamh 2017.

Saghas an Ghearáin

As na gearáin shonracha a fuarthas:

Bhain **28%** le
Ceisteanna pá

Bhain **11%** le
Idirdhealú/Comhionannas


Bhain **15%** le
Dífhostú Éagórach

Bhain **9%** le
Díospóidí Trádála/Ceisteanna CT

Bhain **12%** le
Am Oibre

Bhain **9%** le
Téarmaí agus Coinníollacha
Fostaíochta

Gearáin Shonracha de réir Shaghas an Ghearáin - 2016



Cuimsítear in Aguisín 3 an reachtaíocht faoina ndéantar na héilimh seo a thagairt in Aguisín 3.

Cairt 5

Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015

In 2016, b'ann do 131 Iarratas ar Ghearán ina ndearnadh 658 Gearán Sonrach faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann. Nuair a dhéantar atreorú, caithfidh gearánaithe ar a laghad ceann amháin de na forais idirdhealaitheacha a thabhairt le fios, ach féadfaidh siad breis agus ceann amháin a thabhairt le fios.

Líon na nAmanna Gach Foras a Tugadh le Fios

Foras	Líon
Aois	13
Stádas Sibhialta	12
Míchumas	75
Stádas Teaghlaigh	15
Inscne	20
Ballraíocht den Lucht Siúil	416
Cineál	462
Creideamh	25
Gnéaschlaonadh	7
Cúnamh Tithíochta	43
Iomlán	1088

Tábla 5

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2011

In 2016, b'ann do 340 Iarratas ar Ghearán ina ndearnadh 691 Gearán Sonrach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Caithfidh gearánaithe a thabhairt le fios ceann amháin de na forais idirdhealaitheacha, ar a laghad, agus féadfaidh siad os cionn ceann amháin a thabhairt le fios. Taispeántar sa tábla thíos cé mhéid uair a tugadh gach foras le fios sna 691 gearán sonrach.

Líon na nAmanna Gach Foras a Tugadh le Fios

Foras	Líon
Aois	161
Stádas Sibhialta	52
Míchumas	204
Stádas Teaghlaigh	114
Inscne	353
Ballraíocht den Lucht Siúil	7
Cineál	189
Creideamh	9
Gnéaschlaonadh	24
Iomlán	1,113

Tábla 6

Acht na bPinsean, 1990

I rith 2016, fuarthas dhá Iarratas ar Ghearán ina raibh naoi nGearán Shonracha faoi Achtanna na bPinsean. (Le héifeacht ón 5 Aibreán 2004, tá sé in aghaidh an dlí chun idirdhealú díreach nó indíreach a dhéanamh maidir le pinsin ghairme ar aon cheann de na naoi bhforas chosanta). Caithfidh gearánaithe ar a laghad ceann amháin de na forais idirdhealaitheacha a thabhairt le fios agus féadfaidh siad breis agus ceann amháin a thabhairt le fios. Taispeántar sa tábla thíos cé mhéid uair a tugadh gach foras le fios sna naoi nGearán shonracha.

Foras	Líon
Aois	5
Stádas Sibhialta	0
Míchumas	4
Stádas Teaghlaigh	1
Inscne	3
Ballraíocht den Lucht Siúil	1
Cineál	1
Creideamh	0
Gnéaschlaonadh	3
Iomlán	18

Tábla 7

Amanna Aitheantais

I rith 2016, aithníodh os cionn an leath (3,600) de gach iarratas ar ghearán laistigh de chúig lá oibre. Aithníodh nach mór 80 faoin gcéad (5,500) laistigh de sprioc fhoriomlán an CCÁO – níos lú ná deich lá. Tabharfar tús áite d’fheabhas breise a chur ar an bhfeidhmíocht seo sa bhliain 2017.

Éisteachtaí de réir Réigiúin

Ba í an láthair ba ghnóthaí i dtaobh éisteachtaí Baile Átha Cliath (45%), Corcaigh (9%), agus Sligeach (8%) an Mhí agus Loch Garman (7% an ceann).

Scála tomhais de rath an CCÁO is ea inrochtaineacht réasúnta ar ár seirbhísí ar fud na tíre. Mar chuid den chleachtadh rannpháirtíochta páirtí leasmhair a luadh ní ba luaithe, is léir go mbraitheann úsáideoirí go dteastaíonn roinnt ionaid bhreise éisteachta.


I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-ionaid, cuireadh na láithreacha a leanas le huainchlár éisteachta an CCÁO:

- Réigiún ar leith le haghaidh Chiarraí agus Trá Lí mar an t-ionad éisteachta sa réigiún seo,
- Réigiún ar leith i nDún na nGall

agus Leitir Ceanainn mar an láthair éisteachta,

- Réigiún nua le haghaidh Mhaigh Eo agus Caisleán an Bharraigh mar mhol an réigiún sin,
- Réigiún ar leith an sa Chabhán/ Muineachán agus Muineachán mar an láthair éisteachta, agus
- Réigiún Chill Chainnigh/Phort Láirge agus Cathair Chill Chainnigh mar an mol.

Éisteachtaí de réir Réigiúin - 2016



Cairt 6


Tréimhsí Feithimh Éisteachta

Faoi láthair, éistear le os cionn trí cheathrú d'iarratais ar ghearán laistigh de chúig mhí i ndiaidh an gearán a fháil i dtosach báire (éistear le 25% laistigh de thrí mhí agus 55% laistigh de cheithre mhí). Is ionann seo agus feabhas suntasach ar an gcás a bhí i gceist sular bunaíodh an CCÁO. Príomhdhúshlán don CCÁO i rith 2017, áfach, is ea an t-ardleibhéal seo d'fheidhmíocht a choimeád.

Éisteachtaí a Cuireadh ar Bun


In 2016, rinneadh 5,690 éisteacht, ar an iomlán, a sceidealú, agus thit 3,518 éisteacht díobh siúd amach.

An Mheántréimhse Feithimh le hÉisteachtaí - 2016



Cairt 7

Éisteachtaí Breithnithe a Sceidealaithe/a Cuireadh ar Ceal/a Éisteadh in 2016



Cairt 8


Gearáin a fuarthas i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015 - Éisteachtaí a Cuireadh ar Bun

Cuireadh 3,071 éisteacht bhreithnithe ar bun, ar an iomlán, maidir le gearáin a fuarthas i ndiaidh gur bunaíodh an CCÁO an 1 Deireadh Fómhair 2015. Faoi mar a mbeadh súil leis, nuair a chuirtear an tréimhse ama a theastaíonn chun na gearáin a bhogadh tríd an gcóras, agus nuair a chuirtear íslíú séasúrach san áireamh a léiríonn an fháil a bhíonn ar an ngearánaí, an freagróir agus an Breithneoir, bhí treocht aníos le sonrú i dtaobh éisteachtaí ar ghearáin “nua” i gcaitheamh na bliana. De réir mar a bhíonn fáil ar shreabhadh breise de bhreithneoirí inmheánacha agus

seachtracha i dtreo lár 2017, ba cheart go dtiocfadh feabhas breise air seo.



Gearáin i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015 - Éisteacht de réir Míosa



Cairt 9

Éisteachtaí a Cuireadh Siar/a Iarchuireadh

Iarchuireadh 2,172 éisteacht (38%), ar an iomlán, go príomha mar gheall ar aistarraingt nó ar chur siar ag d'iarr na páirtithe.

Imríonn an cur siar seo ar thréimhsí foriomlána feithimh, go háirithe sa chás nach féidir dátaí éisteachtaí a atairiscint laistigh d'amfráma réasúnta. Cé gur thug an CCÁO nósanna imeachta isteach le déanaí chun an leibhéal de chur siar a íoslaghdú, mar gheall ar an ngá atá lena chinntiú go bhfuil bealach cothrom éisteachta ag an dá thaobh, ní limistéar é inar féidir nó inar mian toirmeasc iomlán a chur ar chur siar.

Seachas cásanna a thagann chun solais mar gheall ar lóistíocht

tíreolaíochta nó neamhfháil gan choinne a bheith ar an mBreithneoir (a tharlaíonn go minic), is féidir leis an CCÁO éisteachtaí a thairiscint laistigh de chúig mhí ar gach gearán. Tá an tréimhse feithimh seo in ainm is titim anuas go dtí thart ar cheithre mhí ar fad i gcaitheamh **Phlean Straitéiseach 2016-2018 an CCÁO**.

Braitheann baint amach na sprice seo ar laghdú suntasach teacht ar an líon dátaí éisteachta a chailltear mar gheall ar chur siar, áfach.

Cinntí a Eisíodh

Eisíodh 1,232 cinneadh ar an iomlán i rith 2016 (féach Chart 10). Faoi mar a mbeadh súil leis, nuair a chuirtear san áireamh go ndearnadh na gearáin tosaigh leis an CCÁO go déanach in 2016/

go luath in 2016, tháinig méadú ar an méid míosúil de chinntí i gcaitheamh na chéad leath den bhliain aníos ó leibhéal an-íseal. I gcaitheamh an dara leath de 2016, b'ionann an líon cinntí a eisíodh agus 150 sa mhí, ar an meán. Meastar go gcoimeádfar nó go méadófar an ráta eisiúna seo i gcaitheamh 2017.

Eisíodh cinntí i gcaitheamh 2016 idir sé agus ocht seachtaine, ar an meán, i ndiaidh an dáta éisteachta nó nuair a fuarthas aighneachtaí breise/cáipéisíocht tacaíochta i ndiaidh na héisteachta ar deireadh. Nuair a chuirtear i dteannta a chéile iad, is ionann an meánam ó atreorú go dtí eisiúint agus 29 seachtain.

Cinntí a Eisíodh 2016




Chart 10

Cásanna Leagáide

Bronnadh freagracht ar an tSeirbhís Bhreithnithe as barrachas substainteach de ghearáin bhreithnithe “Leagáide” a bhí curtha faoi bhráid Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta agus an Bhinse Comhionannais roimhe seo ach nár déileáladh leo sular bunaíodh an CCÁO. Tá d’aidhm ag an CCÁO chun gach ceann de na cásanna leagáide siúd a thabhairt chun críche i rith 2017.

Gearáin faoi Chearta Fostaíochta/Chaidreamh Tionsclaíoch (CF/CT)

Ag tús 2016, bhí beagán faoi bhun 2,000 gearán ann faoi chearta fostaíochta/chaidreamh tionsclaíoch a cuireadh faoi bhráid Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta a bhí ar feitheamh éisteachta. Tháinig laghdú air seo anuas go dtí 903 ag deireadh 2016 – ar laghdú breis agus 50% é seo.

An Bhinse Comhionannais


Ar chuma chásanna “leagáide” an Choimisinéara um Chearta, aistríodh roinnt gearán ón mBinse Comhionannais, a raibh 1,269 gearán ann nár déileáladh leo go fóill ag tús 2016. Tháinig laghdú 57 faoin gcéad ar an bhfigiúr seo anuas go dtí 725 i gcaitheamh 2016.

Torthaí Gearáin

Rinneadh comhréir mhór de ghearáin (56%) a aistarraingt, a réiteach nó a idirghabháil go rathúil roimh an éisteacht.

As na cinn eile, lean an tromlach mór díobh ar aghaidh go dtí éisteacht iomlán. Astu seo, breithníodh 47 faoin gcéad díobh seo in 2016 amhail “Gearán arna Dhiúltú” agus breithníodh 53 faoin gcéad díobh amhail “Seasadh leis an nGearán”.

Torthaí Gearáin



Cairt 11



Torthaí Achomhairc na Cúirte Oibreachais 2016

I gcaitheamh 2016, rinne an Chúirt Oibreachais 56 cinneadh, ar an iomlán, maidir le hachomhairc ó Chinntí/Mholtaí Breithnithe sonracha a eisíodh in 2016. Tháinig iad seo chun solais i gcásanna inar seoladh an gearán tosaigh i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015 agus inar éist an CCÁO leo ó thráth luath in 2016 ar aghaidh agus ina ndearnadh

iad a achomharc leis an gCúirt Oibreachais ina dhiaidh sin. Sheas an Chúirt le 47 faoin gcéad de na cinntí/moltaí seo, cuireadh 20 faoin gcéad díobh ar ceal, rinneadh 21 faoin gcéad díobh a éagsúlú ar chandam na dámhachtana agus cúig faoin gcéad ar théarmaí an mholta, agus dheimhnigh an Chúirt go raibh dhá cheann lasmuigh den teorainn ama i dtaobh théarmaí an achomhairc⁵.

Achomhairc leis an gCúirt Oibreachais⁶

Cearta Fostaíochta agus Comhionannais: An 1 Eanáir-an 31 Nollaig 2016

Seasta leis	Curtha ar Ceal	Éagsúlaithe	Lasmuigh de theorainneacha ama
17	11	11	2

An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969: an 1 Eanáir-an 31 Nollaig 2016

Seasta leis	Curtha ar Ceal	Éagsúlaithe	Lasmuigh de theorainneacha ama
8	0	7	0

Tábla 8

⁵ Nuair a chuirtear an amfhráma gearr a bhíonn i gceist, tiocfaidh patrún níos inaitheanta chun solais i gcaitheamh 2017.

⁶ Tagraíonn seo do ghearáin a cuireadh faoi bhráid an CCÁO ón 1 Deireadh Fómhair 2015 ar aghaidh amháin agus ní áirítear leo aon chásanna "leagáide" roimh an dáta sin.

Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe

Déanann Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe monatóireacht ar choinníollacha lena chinntiú go gcomhlíontar agus, sa chás gur cuí, go gcuirtear i bhfeidhm cearta agus reachtaíocht fostaíochta. Áirítear leis seo sásamh do na fostaithe atá i gceist agus aon phá gan íoc a íoc a eascraíonn ó sháruithe ar chearta fostaíochta.

Tugann cigirí cuairt ar áiteanna fostaíochta agus tugann siad faoi chigireachtaí ar thaifid fostaíochta. Is éard a bhaineann leis seo, i measc rudaí eile, scrúdú a dhéanamh ar leabhair, taifid agus cáipéisí a bhaineann le fostaíocht, agus tabhairt faoi agallaimh le fostóirí agus le fostaithe reatha agus iarfhostaithe.

Féadfaidh cigirí eile nó na Gardaí cigirí a thionlacan. Ó thráth go tráth, tugtar faoi chigireachtaí, chomh maith, i gcomhthráth leis an nGarda Síochána agus le comhlachtaí rialála eile. Oibríonn cigirí, chomh maith, sna hAonaid Chomh-Imscrúdaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Scéim Iascaigh Aitíópúil

In 2016, i ndiaidh gur bunaíodh an Scéim um Chead Oibrí Aitíópúil don tionscal iascaireachta, chuir an CCÁO Foireann thiomnaithe Chomhlíonta Árthach Iascaireachta i bhfeidhm. I ndiaidh oiliúint riachtanach sábháilteachta, thug an fhoireann faoi 136 cigireacht, ar an iomlán, ar 110 árthach a tháinig faoi scáth na Scéime. B'ionann seo agus 63 faoin gcéad de na hárthaí ábhartha agus déanfar cigireacht ar an bhfuilleach faoi Shamhradh 2017. Bhí seo anuas ar nach mór 50 'cigireacht oideachais' faoinar thug an CCÁO i gcaitheamh na tréimhse ó Aibreán go Meitheamh 2016 mar chuid de chlár oideachais agus feasachta faoinar tugadh sular tugadh isteach an clár cigireachta i gceart.

In 28 cás, bhrath Cigirí an CCÁO oibríthe neamh-LEE nach raibh cead bailí acu chun oibriú ar bord árthaí iascaireachta (i.e. 25% de na hárthaí a ndearnadh cigireacht orthu). I ngach cás, cuireadh an t-úinéir agus an t-oibrí neamh-LEE ar an eolas nach raibh cead chun obair a dhéanamh ag an oibrí neamh-LEE gan Cead Aitíópúil nó cead eile a bheith aige. Cuirfear tús le hionchúisimh faoin reachtaíocht um Cheadanna Fostaíochta i gcoinne úinéirí árthaigh sa chás go leanann oibríthe neamh-LEE ag oibriú gan cead bailí.

Coimeádann an CCÁO bunachar sonraí árthaí a thagann faoi scáth na Scéime um Chead Aitíópúil agus cuimsíonn seo próifiliú riosca anois ar gach árthach.

Gníomhaíocht 2016

Thug an Rannán faoi 4,830 cigireacht, ar an iomlán, a raibh 2,877 (60%) díobh gan fhógra. Bhain na cigireachtaí seo le 74,793 fostaí (is ionann seo agus nach mór 16 fhostaí in aghaidh na cigireachta ar fhostóir, ar an meán). Tugann taighde a rinne Eurostat⁷ le déanaí go bhfuil tuairim is 400,000 oibrí in Éirinn fostaíthe i bpoist a mheastar go traidisiúnta atá ina n-earnálacha den gheilleagar ina n-íoctar pá níos ísle. De réir a gcineáil, bhí cigireachtaí an CCÁO in 2016 dírithe ar na hearnálacha seo agus meastar go ndearna an CCÁO cigireacht ar thart ar 1 oibrí as 6 oibrí sna hearnálacha seo in 2016. As na 4,830 fhostóir a ndearnadh cigireacht orthu, deimhníodh gur sháraigh 1,981 (laghdú 37% ar 6% ar fhigiúir 2015) an reachtaíocht fostaíocht go pointe áirithe. Aisghabhadh €1.5m,

ar an iomlán, de phá neamhíochta le haghaidh fostaíthe i rith 2016 – is ionann seo agus méadú 8% i gcomparáid le 2015.

Ba iad na hearnálacha ina léirítear méid níos airde de neamhchomhlíonadh Leictreach (60%)⁸, Gruaig agus Áilleacht (53%), Tógáil (49%), Talmhaíocht (47%), agus Mórdhíol agus Miondhíol (45%). Is é an aidhm in 2017 chun díriú orthu siúd a bhfuil riosca níos airde i leith neamhchomhlíonta acu. Cuireadh 2,398 sárú ar an reachtaíocht fostaíochta i dtaifead – is ionann seo agus 1.2 sárú in aghaidh an fhostóra. Ba é an sárú ba mhó ba choitianta an teip ar thaifid leordhóthanacha fostaíochta (62%) a choimeád agus bhí neamhrialtachtaí ceadanna fostaíochta ina dhiaidh sin, arbh ionann iad agus 404 (17%). (Féach Aguisín 4 chun teacht ar bhreis sonraí).

Ní hionann taifid chuí fostaíochta a choimeád agus ceanglas dlíthiúil a leagtar ar fhostóirí; cosaint atá ann, chomh maith, don fhostóir agus don fhostaí araon. Cinntíonn taifid chearta go bhfuil fáil ar cháipéisíocht maidir le hairgead a íocadh, uaireanta a oibríodh etc., sa chás go dtiocfadh díospóid chun solais i gcaitheamh an chonartha fostaíochta, nó nuair a chuirtear deireadh leis.

Cuireann an easpa taifead an fhostóir faoi bhuntáiste sainiúil i gcás díospóide. I dtaobh fostaíthe, riachtanas bunúsach atá sna taifid dá gcosaint agus chun a gcearta fostaíochta a fhorfheidhmiú.


Fógraí Comhlíonta agus Íocaíochta Seasta

Déantar foráil san Acht m Chaidreamh san Áit Oibre go n-úsáidfidh an CCÁO dhá ionstraim nua reachtúla, an Fógra Comhlíonta agus an Fógra Íocaíochta Seasta. Tá siad in ainm is feabhas a chur ar chomhlíonadh agus, i gcomhthráth, líon uaireanta agus an costas gaolmhar a bhíonn ar shárúithe áirithe na reachtaíochta a ionchúiseamh.

Féadfaidh duine a fhaigheann Fógra Íocaíochta Seasta, laistigh de 42 lá ó dháta an Fhógra, íocaíocht a dhéanamh leis an gCoimisiún den mhéid a shonraítear san Fhógra. Má dhéantar íocaíocht laistigh den tréimhse sin, ní chuirfeadh tús le hionchúiseamh. Má theiptear

Sárú Reachtaíochta

Iomlán 2398



Cairt 12

⁷ Eurostat: Suirbhé ar Struchtúr Tuillimh 246/2016

⁸ Bunaithe ar shampla an-bheag 5 chigireacht

ar an íocaíocht a dhéanamh, áfach, cuirfidh an CCÁO tús le hionchúiseamh.

Bhí feachtas oideachais ar bun sular tugadh an Fógra Íocaíochta Seasta isteach. I gcaitheamh tréimhse naoi mí in 2016, eisíodh 20 Fógra Pionóis Sheasta, ar an iomlán, agus bhain gach ceann le teip ar an bhfostóir chun ráiteas scríofa ar phá a sholáthar. Astu seo, íocadh 11 (61%) díobh go hiomlán agus tá 4 cinn eile ar feitheamh íocaíochta. Bhí na 5 cinn (27%) sa bhreis gan íoc faoin dáta dlite agus faomhadh iad le haghaidh ionchúisimh. Is ionann seo agus díbhinn shuntasach éifeachtúlachta mar gheall go leanfadh tromlach na gcásanna seo, nó iad go léir, ar aghaidh roimhe seo a fhad le hionchúiseamh agus cheanglófaí na costais freastail agus an t-ualach riaracháin leis.

Ar an gcuma chéanna, eisíodh 25 Fógra Comhlíonta i gcaitheamh 2016. Bhí formhór na bhFógraí Comhlíonta a eisíodh faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus bhain siad leis na forálacha a bhaineann le saoire bhliantúil, teidlíocht do shaoire phoiblí, agus íocaíocht maidir le hobair a rinneadh ar an Domhnach. Rinneadh ceann díobh a achomharc leis an gCúirt Oibreachais agus tá ionchúiseamh le déanamh ar ocht gcinn mar gheall gur theip orthu an Fógra Comhlíonta a chomhlíonadh.

Ionchúisimh

In ainneoin Fógraí Comhlíonta agus Íocaíochta Seasta, tá ceanglas ann go fóill chun fostóirí ceandána a ionchúiseamh; déanann an CCÁO amhlaidh go daingean. I rith 2016, dúnadh 136 cás, ar an iomlán, trí ionchúisimh. Tá coinne leis gur cheart go laghdódh an úsáid níos fairsinge a bhaintear as fógraí comhlíonta an ceanglas chun tús a chur le hionchúisimh amach anseo. Tá sonraí faoi na cásanna siúd inar baineadh ciontuíthe amach ceangailte ag Aguisín 5.

Sa chomhthéacs seo, tá de chumhacht ag an CCÁO chun forfheidhmiú cinntí agus dámhachtainí a eascraíonn as cinntí breithnithe agus ón gCúirt Oibreachais maidir le gníomhaíocht bhreithnithe agus chigireachta a chur in aghaidh duine: cuireadh 43 de na cásanna siúd i gcrích i rith 2016.

Comhoibriú Ilghníomhaireachta

Tugadh méadú faoi deara i rith na bliana ar an obair chomhoibritheach idir an CCÁO agus gníomhaireachtaí rialtais eile. Cuireann an cur chuige seo ar chumas díriú níos cuimsithí ar fhostóirí agus ar na hearnálacha is mó atá i mbaol de bheith neamhchomhlíontach i limistéir chearta fostaíochta, choimirce sóisialaí agus chánachais. Thug Cigirí ón CCÁO faoi 657 cuairt chomhchigireachta, ar an iomlán, lena gcontrapháirtithe sna Coimisinéirí Ioncaim agus/nó sa

Roinn Coimirce Sóisialaí. I Márta 2016, comhaontaíodh ar Mheabhrán Tuisceana idir Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe agus Údarás Ceadúnaithe na gCeann Feadhna (Gangmasters Licensing Authority) sa Ríocht Aontaithe. Tugadh meabhráin chun críche ina dhiaidh sin leis na hÚdarais Slándála Príobháidí agus Sábháilteachta ar Bhóithre.

Oibríonn an CCÁO go dlúth, chomh maith leis sin, le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (an GNIB) agus le hAonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta i dtaobh saincheistanna féideartha imirce agus gáinneála ar dhaoine a dtagtar orthu i rith cigireachtaí a thuairisciú. Ina leith seo, ghlac an CCÁO páirt san oibríú forfheidhmithe ilghníomhaireachta “Oibríocht Egg Shell”) maidir leis an Scéim lascaigh Aitíopúil faoinar tugadh an 5 Deireadh Fómhair 2016.

Gné thábhachtach d’obair an CCÁO atá i gcaidreamh maith oibre a choimeád ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá baint leanúnach ann in oiliúint a chur ar chigirí ó thíortha eile an AE agus bhí baint chómhalartach aige seo i socrúithe chun oiliúint a chur ar ár gCigirí féin. D’oibrigh cigirí iasachta, iad siúd ina measc ón Rómáin, an Phortaingéil agus an Eastóin, chomh maith, lenár gcigirí in Éirinn agus thar lear araon.

Seirbhís Chorparáideach

Creat Rialachais

I ndiaidh an CCÁO a bhunú an 1 Deireadh Fómhair 2015, cuireadh creat daingean rialachais chorparáidigh i bhfeidhm chun a struchtúr a léiriú. Chuir seo san áireamh an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís agus do chreat rialachais na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Bunaíodh struchtúr tras-Roinne chun tabhairt faoi mhonatóireacht agus tuairisciú feidhmíochta a chinntigh go raibh na feidhmeanna reachtúla á soláthar laistigh den bhuiséad. Ina leith seo, bunaíodh struchtúr agus cultúr straitéiseach rioscabhunaithe um fheidhmíocht pleanála gnó a bhain go sonrach leis an gCoimisiún ar gach leibhéal den eagraíocht i rith 2016 agus déanann an fhoireann Bhainistíochta athbhreithniú air.

D'fhoilsigh an CCÁO a Chairt Chustaiméirí agus a Nósanna Imeachta Gearán i Samhain 2016. Leagtar amach sna cáipéisí seo na leibhéil de sheirbhís ar féidir le custaiméirí súil a bheith leo nuair a dhéileálann siad leis an CCÁO agus conas is féidir leo gearán a dhéanamh ma bhraitheann siad nár bhain an leibhéal seirbhíse an caighdeán cuí amach.

Ina theannta sin, dearadh agus cuireadh tús le Beartas Acmhainní Daonna CCÁO i rith 216 ag féachaint lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an saineolas ag ár bhfoireann lena chur ar chumas an CCÁO chun freagairt go solúbtha ar luaineacht ar éilimh agus chun tabhairt faoi na cuspóirí leathana a leagtar amach inár Straitéis Straitéiseach 2016-2018.

Cóiríocht

I nDeireadh Fómhair 2016, d'aistrigh an CCÁO (Baile Átha

Cliath) anuas ar an gCúirt Oibreachais, ó Theach Davitt agus ó Tom Johnson House chuig oifigí nua i dTeach Lansdún, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4. Chruthaigh an oifig nua sineirgí agus éifeachtúlacht níos mó inár soláthar seirbhíse trí roinnt seirbhísí a sholáthar ag láthair amháin agus trí fhoireann iomlán an CCÁO Bhaile Átha Cliath a lonnú i bhfoirgneamh amháin.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar áitreabh an Choimisiúin i gCorcaigh, Ceatharlach agus Sligeach faoi láthair lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don chuspóir i gcomhthéacs riachtanais soláthair seirbhíse an CCÁO i rith 2017 agus 2018.

Foilseacháin

D'fhoilsigh an CCÁO dhá nuashonrú agus tráchtairachtaí i rith 2016 anuas ar Ráiteas Straitéise 2016-2018 agus Tuarascáil Bhliantúil 2016.

Tá na foilseacháin seo ar fáil ag www.workplacerelations.ie.



An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Mary Mitchell O'Connor i dteannta an Uasail Oonagh Buckley, Ard-Stiúrthóir an CCÁO agus an tUasal Kevin Foley, Cathaoirleach, an Chúirt Oibreachais ag oscailt Theach Lansdún an 21 Samhain 2016



Clár Oibre 2016: Ár bhFeidhmíocht

Ceanglas i dtaobh Clár Oibre

Foráiltear in Alt 22(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 go ndéanfaidh an Bord, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir, Clár Oibre a ullmhú agus a sheoladh ar aghaidh de na gníomhaíochtaí a bheartaíonn an Coimisiún tabhairt fúthu sa bhliain lena mbaineann an Clár. Ní mór a leithéid de Chlár a chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoin 1 Nollaig gach bliain féilire.

Is é cuspóir an Chláir a chinntiú go n-implonann an CCÁO a fhoireann i gceart trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach a leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2016-2018 an CCÁO. Leagtar amach thíos ár bhfeidhmíocht i gcoinne spriocanna ár bPlean.

Seirbhís Chomhairleach

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Caidreamh san áit oibre a bhaineann go sonrach le suíomh a fheabhsú	Tabhairt faoi athbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch, bheith mar chathaoirleach ar pháirtithe comhoibre, réiteach díospóidí aonair, atreoruithe faoin Acht CT, 2015 san áireamh a éascú Réiteach deonach díospóide a éascú, idirghabháil san áit oibre agus seirbhísí idirghabhála comhionannais a sholáthar	I gcaitheamh 2016	Soláthar éifeachtach saincheaptha cláir, ardsásamh i measc cliant, agus caidreamh feabhsaithe	Seirbhísí arna soláthar laistigh de na téarmaí tagartha agus na hamlíne a comhaontaíodh, mar is cuí Seirbhís éifeachtach arna soláthar nuair a iarradh sin
Oiliúint san áit oibre a sholáthar	Cláir shaincheaptha oiliúna a fhorbairt do chliant etc.	I gcaitheamh 2016	Ardráta ratha agus an custaiméir sásta leis an tseirbhís	Soláthraíodh oiliúint shaincheaptha ar ghnéithe den chaidreamh fostaíochta, agus fuarthas aiseolas a thug le fios go raibh an custaiméir an-sásta
Forbairt bhreise a dhéanamh ar chosc a chur ar dhíospóidí agus feabhsú caidrimh san áit oibre	Iad a léiriú sa Straitéis le haghaidh 2016 agus iad a thabhairt isteach dá réir	R2 2016	Bainteach go mór le gníomhaíochtaí coisctheacha agus feabhsaithe um chaidreamh san áit oibre	Léirítear cur chun cinn na Seirbhíse Comhairlí chun freastal ar riachtanais chustaiméara sa ráiteas straitéise agus sna cláir oibre
Lorg chun atreoruithe na seirbhíse breithnithe a laghdú	Clár úsáideora rialta a fhorbairt don Rannán Breithnithe (ar bhonn pólótach i dtosach báire)	R2 2016	Clár curtha i bhfeidhm agus tionchar dearfach á imirt ar atreoruithe breithnithe	Rinneadh anailís ar úsáideoirí minice agus tá an cur chuige i leith idirchaidrimh ar bhonn pólótach á fhorbairt
Méadú a dhéanamh ar an líon clicint a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála abhartha an CCÁO	Taighde a dhéanamh ar mheonta, na seirbhísí a chur chun cinn agus acmhainní a sholáthar dóibh	R2 2016	Feasacht agus glacadh méadaithe ar sheirbhísí idirghabhála	Spreagadh agus soláthraíodh idirghabháil

Seirbhísí Idir-Réitigh/Luathréitigh Díospóide/Idirghabhála

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Seirbhís thráthúil éifeachtach agus éifeachtúil Idir-Réitigh a sholáthar agus a chinntiú go bhfreastalaítear ar an éileamh fad a leantar le gach seirbhís a sholáthar	Idir-réiteach a sholáthar in amfráma cuí chun réiteach díospóidí um chaidreamh tionsclaíoch a éascú. Idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le cliaint chun cabhrú le caidreamh tionsclaíoch dearfach a choimeád	Ar iarraidh cliant agus nuair a iarrann cliaint i gcaitheamh 2016	Ardráta ratha a choimeád chun díospóidí um chaidreamh tionsclaíoch a réiteach.	Ráta Réitigh 86%
Réimse comhlántacha seirbhísí idirghabhála a sholáthar i ndíospóidí maidir le cearta fostaíochta agus caidreamh san áit oibre araon	Rannpháirtíocht dheonach i bpróisis idirghabhála a éascú agus a sholáthar	I gcaitheamh 2016 agus laistigh de 3 seachtaine i ndiaidh go nglacann na páirtithe go léir leis chun tabhairt faoi phróiseas idirghabhála a dhéileáil le héilimh maidir le cearta fostaíochta	Cásanna a roghnaíodh chun an fhéidearthacht a uasmhéadú chun réiteach a bhaint amach agus chun laghdú foriomlán a dhéanamh ar na líonta a leanann ar aghaidh chuig an bpróiseas breithnithe in éilimh maidir le cearta fostaíochta. Ardsásamh custaiméara leis an tseirbhís idirghabhála um chaidreamh san áit oibre	Faoi réir fhaomhadh na bpáirtithe - roghnaítear cásanna oiriúnacha d'idirghabháil Ráta réitigh/ aistarraingthe 84%
Cathaoirleacht agus éascú a dhéanamh ar fhórait éagsúla dhifriúla um chaidreamh tionsclaíoch agus reachtúla san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon	Plé a éascú ar bhealach tráthúil. Cabhrú le páirtithe chun déileáil le gach saincheist i gcomhréir le nósanna imeachta agus oibríochtaí, faoi mar a leagtar amach i gceanglais dheonacha agus reachtúla araon	I gcaitheamh 2016	Gach saincheist a sholáthar agus a oibriú go héifeachtach i gcomhréir le prótacail agus nósanna imeachta	Soláthar tráthúil seirbhísí leis na fórait faoi seach i gcaitheamh na bliana
Cumarsáid éifeachtach dhá bhealach a chinntiú leis na príomhchliant	Plé éifeachtach a choimeád leis na príomhchliant i ngach réigiún agus go náisiúnta	Ag gach tráth i rith 2016	Oibriú éifeachtach na gcainéal cumarsáide coimeáda	Teagmhálaithe agus cainéil chumarsáide coimeáda i gcaitheamh 2016
A chinntiú go bhfuil struchtúir chúí i bhfeidhm chun seirbhís a sholáthar i measc na n-ardán uile	Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar struchtúr oibríochtaí i rith 2016	Athruithe a chur i gcrích, faoi mar a theastaíonn, i gcaitheamh na bliana	Struchtúir chúí agus éifeachtacha i bhfeidhm chun soláthar optamach seirbhíse a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil	Roinnt coigeartuithe teicniúla ag teastáil i rith 2016 - bainfear an sprioc seo amach go hiomlán in 2017

Seirbhís Bheithnithe

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Déileáil le gearáin a rinneadh i ndiaidh Dheireadh Fómhair laistigh de na hamlínte bunaithe agus a chinntiú go bhfreastalaítear ar an éileamh reatha fad a dhéantar dul chun cinn mór ar ghearáin a rinneadh roimh Dheireadh Fómhair	<p>Maoirseacht a dhéanamh ar thréchur éifeachtúil agus éifeachtach cásanna trí chlárú, éisteacht agus cinneadh – agus tabharfar tús áite do chásanna a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 (Lá an Dílsithe), leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha do chás leagáide le tréchur a chinntiú ar leibhéil chomhaontaithe.</p> <p>Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chainníocht agus ar an bhfáil atá ar bhreithneoirí le hacmhainn soláthair a chinntiú.</p>	<p>I gcaitheamh 2016</p> <p>R2 2016</p>	<p>Tréchur ar gach leibhéal arna chomhaontú sa Mheabhrán Tuisceana leis an Roinn</p> <p>Tá breithneoirí leordhóthanacha ar fáil go comhsheasmhach</p>	<p>Is é an meánfhad ama ón tráth a fhaightear an gearán go dtí go n-eisítear cinneadh 6 mhí.</p> <p>Tháinig laghdú 50% ar chásanna roimh Dheireadh Fómhair 2015 a bhí idir lámha in Eanáir 2016 i gcaitheamh na tréimhse</p>
Cinntí ardchaighdeáin a sholáthar	<p>Déanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe Rialú Inmheánach Cáilíochta (RC) athbhreithniú ar chinntí chun pointí foghlama a shainiú, chun comhsheasmhacht cinntí a chinntiú i limistéir choiteanna, chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraítear do chustaiméirí na Seirbhíse Breithnithe. Anuas air sin, déanfar aiseolas ar chinntí a dhéantar a achomharc leis an gCúirt Oibreachais a dhéanamh foirmiúil.</p>	R1 2016	Cinntí ardchaighdeáin ina bhfuil líon achomharc agus athbhreithnithe breithiúnacha atá ag dul i laghad	Rinne an Grúpa RC athbhreithniú agus moltaí ar chinntí i gcaitheamh 2016. Tugann aiseolas ó pháirtithe leasmhara le fios gur fheabhsaigh cáilíocht agus comhsheasmhacht i gcaitheamh na tréimhse
Caighdeán aonair breithnithe a bhunú	Athbhreithniú agus barr feabhais a chur ar an teimpléad cinnidh, nósanna imeachta éisteachta, agus feidhmíocht, luas agus cáilíocht a chomhcheangal	R1 2016	Caighdeán breithnithe an CCÁO a aithnítear go himmeánach agus go seachtrach agus a sholáthraítear	Dearadh agus tugadh teimpléad cinnidh isteach – faoi athbhreithniú i gcaitheamh 2017
A chinntiú go n-éascaíonn an córas TFC seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha breithnithe agus idirghabhála a sholáthar.	Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú a dhéanamh, sa chás gur gá, ar an gCóras TF Gearán agus Réitigh Breithnithe	R2-R4 2016	Córas TFC atá furasta le húsáid ag oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach	Obair ar bun: arna athbhreithniú agus fheabhsú i rith 2016. Feabhsúcháin bhreise ar na bacáin in 2017.

Cigireacht agus Forfheidhmiú

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Comhlíonadh an dlí fostaíochta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú	Cigireachtaí rioscabhunaithe, cigireachtaí gearánbhunaithe, le comhlachtaí Stáit eile, sa chás gur cuí	I gcaitheamh 2016	4,000 cigireacht curtha i gcrích, anuas air 2,000 cuairt ar an áit oibre nár fógraíodh	4,830 cigireacht curtha i gcrích, anuas ar 2,877 cuairt neamhfhógartha
	Cionta neamhchomhlíonta na reachtaíochta fostaíochta a ionchúiseamh, nuair is cuí	I gcaitheamh 2016	100 ciontú	136 cás dúnta go rathúil
	Glac le cur chuige caighdeánach i leith éifeachtachta agus an éifeachtacht a thomhas a bhaineann le fógraí Comhlíonta agus Muirir Sheasta a phróiseáil	I gcaitheamh 2016	Glacadh le caighdeán coitianta/measúnú curtha i gcrích	Glacadh le caighdeán coiteann agus comhsheasmhach agus eisíodh 25 Fógra Comhlíonta agus 20 Fógra Muirir Sheasta
	Idirchaidreamh rialta le páirtithe leasmhara	I gcaitheamh 2016	Chas na príomhpháirtithe leasmhara uair sa bhliain, ar a laghad	Cuireadh cruinnithe ar bun maidir le comhlíonadh leis na príomhpháirtithe leasmhara
	A chinntiú go leantar le gníomhaíochtaí iar-NERA a sholáthar ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach i gcomhthéacs nua	I gcaitheamh 2016	Leanann idirghníomhú leis an RPFN maidir le beartas agus forfheidhmiú cearta fostaíochta (ER), ceadanna fostaíochta (EP) a fhorfheidhmiú agus leanann EP agus ER le bheith mar chuid de chigireachtaí aonair	Rinneadh bainistíocht chúramach ar an aistriú agus leanadh le gníomhaíochtaí a sholáthar go gairmiúil agus go héifeachtach
Dámhachtainí a fhorfheidhmiú a eascraíonn ó chinntí imeachtaí breithnithe agus sa Chúirt Oibreachais	Forfheidhmiú cinntí agus dámhachtainí a eascraíonn ó chinntí breithnithe agus sa Chúirt Oibreachais a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht breithnithe agus cigireachta	I gcaitheamh 2016	Cinntí agus dámhachtainí faoinar tugadh	Cuireadh 43 de na cásanna siúd i gcrích
Ceadúnais a eisiúint agus reachtaíocht a chur i bhfeidhm maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus Daoine Óga a fhostú	Ceadúnais próiseáilte agus eisithe ar bhealach éifeachtúil agus dlíthiúil	I gcaitheamh 2016	700 ceadúnas eisithe	Eisíodh 1183 (536 PYP agus 647 Gníomhaireacht Fostaíochta) ceadúnas eisithe
Feasacht iomlán an Rialtais a mhéadú ar ról agus gníomhaíochtaí an CCÁO	Rannpháirtíocht éifeachtach i ngrúpaí éagsúla Idir-Roinne agus Idirghníomhaireachta	I gcaitheamh 2016	Branda an CCÁO aitheanta ar fud an Rialtais	Rannpháirtíocht iomlán in obair idir-roinne agus idirghníomhaireachta
Comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile	Comhaontú a dhéanamh ar Mheabhráin Tuisceana leis na comhlachtaí cuí	I gcaitheamh 2016	Athbheithniú/Cur i gCrích in 5 mhí	3 Mheabhrán Tuisceana nua sínithe

Faisnéis, Seirbhís do Chustaiméirí agus Próiseáil Lárnach

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Faisnéis neamhthreorach a sholáthar ar ghníomhaíochtaí an CCÁO go ginearálta, reachtaíocht fostaíochta agus meicníochtaí sásaimh trí fhormáidí éagsúla soláthair	Freagairt ardchaighdeán inrochtana atá dírithe ar an gcustaiméir agus atá éasca le húsáid a sholáthar d'fhiosrúcháin ghutháin, ríomhphoist, comhfhreagras gan iarraidh agus fiosrúcháin eile maidir le cearta fostaíochta	I gcaitheamh 2016	Déileáladh le 90% d'fhiosrúcháin ag an gceist tosaigh	59,459 glao arna bhfreagairt (93.8%)
	Páirt a ghlacadh i seimineáir, cur i láthair, taispeántais agus seónna bóthair a bhaineann le dlí fostaíochta		Freastal ar/páirt a ghlacadh in 50 imeacht	27 príomhchur i láthair déanta agus freastal déanta ar thaispeántais
	Ábhar faisnéise a nuashonrú agus a athfhoilsiú chun aitheantas nua corparáideach agus athruithe reachtúla a thabhairt san áireamh		Réimse iomlán foilseachán nuashonraithe faoi Mheitheamh 2016	Príomhfhoilseacháin athbhreithnithe agus athbhrandáilte
Gearáin agus iarratais atá le cur faoi bhráid an CCÁO a phróiseáil go héifeachtúil	Próiseáil ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil déanta ar gach gearán agus iad go léir curtha faoi bhráid an fhórait chuí shásaimh	I gcaitheamh 2016	15,000 gearán arna bpróiseáil go héifeachtúil agus go héifeachtach	13,230 faighte – gach ceann próiseáilte

Cláraitheoir/Comhairleoir Dlí

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Seirbhís dlí an CCÁO bunaithe	Struchtúir, nósanna imeachta agus próisis ghnó nua a leabú	R3 2016	Seirbhís dlí arna bunú agus go hiomlán feidhmeach.	Seirbhís dlí arna bunú agus go hiomlán feidhmeach
Oiliúint chúil dlí a sholáthar don fhoireann agus do bhreithneoirí - cur chuige atá daingean i dtaobh an dlí de a chur i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht de chuid an CCÁO	Riachtanais oiliúna/ idirghabháil oiliúna a shainaithint agus a sholáthar.	R2 2016	Oiliúint arna soláthar agus foghlaim á cur i bhfeidhm.	Oiliúint arna soláthar ar réimse saincheisteanna dlíthiúla don fhoireann agus d'Oifigigh Bhreithnithe araon
Seirbhísí dlí a bhainistiú a úsáidtear laistigh den CCÁO	Córais nua a chur i bhfeidhm chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí dlí sa chás gur cuí (painéil le haghaidh comhairle dlí san áireamh, nuair is cuí)	R2 2016	Córais nua bunaithe agus ag feidhmiú go héifeachtach	Córais arna mbunú chun soláthar a dhéanamh do sheirbhísí dlí
Bainistiú agus soláthar a dhéanamh do chomhairle thráthúil, éifeachtach agus dhaingean dlí ar gach gné de cheisteanna dlí atá roimh an CCÁO	Breithniú a dhéanamh ar chomhfhreagras agus comhairle a sholáthar, faisnéis a thabhairt do na hAbhcóidí sa chás gur cuí, dul chun cinn agus toradh cáis a bhainistiú	I gcaitheamh 2016	Bainistíonn an CCÁO ceisteanna dlí go héifeachtach agus go héifeachtúil.	Ceisteanna dlí arna mbainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil ar bhonn cáis ar chás.
Bunachar sonraí agus saoráid speisialaithe leabharlainne a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh Breithneoirí agus fhoireann an CCÁO go ginearálta	Rochtain chúil ar bhunachair sonraí ábhartha sheachtracha a chinntiú, ar nós Westlaw, Bailii, etc. bunachar sonraí inmheánach a fhorbairt ar gach gné den dlí fostaíochta agus comhionannais, agus leabharlann fhíorga agus fhísiciúil a bhunú	R2 2016	Bunachair sonraí agus an leabharlann i bhfeidhm agus úsáid iomlán á baint astu	Bunachair sonraí sheachtracha ag feidhmiú go hiomlán agus úsáid á baint ag an bhfoireann agus ag Oifigigh Bhreithnithe araon astu. An leabharlann fhísiciúil aistrithe anois go dtí Teach Lansdún. Obair críochnaithe ar bhunachar sonraí inmheánach.
Costais dlí a shocrú agus a bhainistiú laistigh de pharaiméadair an bhuiséid	Monatóireacht a dhéanamh ar an airgead a chaitear ar chostais dlí/éifeachtúlachtaí a shainaithint.	I gcaitheamh 2016	Bainistiú éifeachtach éifeachtúil déanta ar chostais dlí agus níor sháraigh siad an buiséad.	Bainistiú déanta ar chostais dlí agus níor sháraigh siad an buiséad.

An Rannán Corparáideach

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomhartha /Tascanna	Amlíne Soláthair	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Feidhmíocht 2016
Bunú creat daingean rialachais chorparáidigh san CCÁO a chur i gcrích	Athbhreithniú/leasú a dhéanamh ar chaighdeán/bheartais/nósanna imeachta reatha inmheánacha agus gach próiseas ábhartha a dhoiciméadú A chinntiú go bhfuil an fhoireann ábhartha go léir go hiomlán ar an eolas, oilte agus ag tabhairt faoin gcur chuige leasaithe Dearbhú an RPFN a fháil maidir leis an gcreat leasaithe	R2 2016	Tá rialachas corparáideach san CCÁO ar aon dul le dea-chleachtas	Athbhreithnítear beartais agus nósanna imeachta agus nuashonraítear iad ar aon dul le Creat Rialachais an RPFN Tugtar fógra don fhoireann nuair is cú; leanfar le hoiliúint a léiriú i bpleananna Foghlama agus Forbartha. Soláthraíodh dearbhú trí theagmháil leanúnach le gníomhaíocht chaighdeánach iniúchta agus riosca an RPFN.
Struchtúr feidhmeach tras-Roinne a bheith i bhfeidhm san CCÁO	Feidhmeanna corparáideacha agus roinne a shainaithin ag trádáil mar chomhaontú a bhaineann le hairgeadas, AD, TF, saoráidí agus tuairisciú feidhmíochta agus comhaontú a dhéanamh ar an riachtanas tuairiscithe agus freagrachta/leithdháilte aonair roinne Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomhthéacs an chreata rialachais chorparáidigh	R2 2016	Tá an struchtúr ag freastal go hiomlán ar riachtanais oibríochtúla an CCÁO	Rinneadh na feidhmeanna corparáideacha agus eagraíochtúla agus an creat tuairiscithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i measc na rannán agus i dteannta fheidhm Idirchaidrimh an RPFN. Rinneadh an fheidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú i bhformáid lena gcomhaontaítear ar leibhéal roinne agus eagraíochtúil.
A chinntiú go dtugann an CCÁO faoi fheidhmeanna reachtúla laistigh den bhuiséad	Maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas go héifeachtúil agus go héifeachtach, monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar an tseirbhís agus ar leibhéil ghníomhaíochta agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an RPFN go rialta ina leith seo. Comhaontú a dhéanamh ar an Meabhrán Tuisceana leis an RPFN maidir leis seo	R1 2016	Tá an clár oibre á bhaint amach go comhsheasmhach agus tá úsáid cheart a baint as leithdháileadh an bhuiséid	Bainistíodh leithdháilí acmhainne chun soláthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí a chinntiú laistigh den bhuiséad. Rinneadh comhaontú ar Mheabhrán Tuisceana agus ar fheidhmíocht i gcoinne na méadrachta a rinneadh a mhonatóiriú agus a phlé leis an RPFN.
CCÁO atá bunaithe i mBaile Átha Cliath a bhunú i dTeach Lansdún	Maoirseacht a dhéanamh ar an aistriú laistigh de na hamlínte comhaontaithe agus laistigh den bhuiséad	R3 2016	Tá oifig Lansdún an CCÁO go hiomlán oibríochtúil faoi Mheán Fómhair 2016	Bhog foireann an CCÁO a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath chuig Teach Lansdún i rith Dheireadh Fómhair gan aon tionchar a imirt ar sholáthar seirbhíse i measc custaiméirí.
Straitéis agus beartas AD an CCÁO a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a thacaíonn le gníomhaíochtaí an CCÁO agus a thacaíonn le agus a fhorbraíonn a chuid foirne	Cleachtas AD a bhaineann go sonrach leis an CCÁO a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, pleanáil an lucht saothair atá dírithe ar fheidhmíocht, tionscnaimh foghlama agus forbartha, agus córais tacaíochta foirne etc. ina measc.	R3 2016	Beartas AD a thacaíonn go hiomlán le baint amach mhisean agus spriocanna an CCÁO agus a thacaíonn leis an bhfoireann agus a fhorbraíonn iad ina bhfoireann lánoibríochtúil	Tugadh an Plean AD isteach go déanach in 2016 agus leanfar le hé a chur i bhfeidhm i gcaitheamh 2017.
Cultúr rioscabhunaithe straitéiseach um fheidhmíocht pleanála gnó san CCÁO a bhunú ar gach leibhéal den eagraíocht	Cabhrú le breithniú agus cur i bhfeidhm na straitéise agus an chláir oibre; í a thabhairt isteach trí phróifíilí róil Corparáideacha/Roinne/Aonaid; tomhas agus beart ceartaitheach a dhéanamh i leith rioscaí - tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn don MC agus don Bhord ar bhonn rialta	R1-R2 2016	An CCÁO ag oibriú go hiomlán laistigh de chreat comhleanúnach straitéiseach plean gnó	Bainisteoir Pleanála Gnó agus Riosca an CCÁO arna cheapadh. Pleananna gnó arna bhforbairt agus rioscaí arna monatóiriú, arna mbainistiú agus arna dtuairisciú don choiste bainistíochta agus don RPFN i gcaitheamh na bliana.

Aguisíní

Aguisín 1

Reachtaíocht faoinar féidir Gearáin a Sheoladh chuig an tSeirbhís Bhreithnithe

- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach
- Na hAchtanna Caidrimh Thionscail
- An tAcht um Íoc Pá, 1991
- An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994
- Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta
- An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003) (seachas Rialachán 4(4) (a))
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Socraithe), 2003
- An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
- Rialacháin 5, 8, 9, 10, 11 nó 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Daoine i mBun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012)
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- An tAcht um Chosaint Máithreachais, 1994
- An tAcht um Shaoire Thuismitheora, 1998
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Ghluaisteach in Eitlíocht Shibhialta), 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)
- Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta)
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí faoi Oiliúint), 2004 I.R. Uimh. 494 de 2004)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibrithe Taistil atá páirteach i Seirbhísí Trasteorann Comhoibritheacha san Earnáil Iarnróid), 2009 I.R. Uimh. 377 de 2009)
- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007
- Achtanna na bPinsean
- An tAcht Sláinte, 2004
- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011
- Rialachán 9(4) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuirisciú ar Tharluithe in Eitlíocht Shibhialta), 2007 (I.R. Uimh. 285 de 2007)
- An tAcht Iomaíochta, 2002
- An tAcht um Shaoire Chúramóra, 2001
- An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dómhainneacht Fostóirí), 1984
- An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009
- An tAcht Ceimiceán, 2008
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) (Páirteachas Fostaithe), 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)
- Rialachán 20(10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe), 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)
- Acht na gCarthanas, 2009
- Rialachán 39(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann), 2008 (I.R. Uimh. 157 de 2008)
- An tAcht um Iascach Intíre, 2010
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- Ordú rialaithe fostaíochta faoi alt 42C (arna ionsá ag alt 12 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015
- Ordú fostaíochta eárnála laistigh de bhrí Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015
- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- An tAcht Shaoire Uchtaíoch, 1995
- Acht an Bhainc Cheannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013
- Comhaontú cláraithe fostaíochta laistigh de bhrí Chaidreamh 2 de Chuid 2 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015
- An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001
- An tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016
- Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006
- An tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977
- An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996
- An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013

Aguisín 2

Príomhbhreithiúnais agus Príomh-Chinntí Breithnithe na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte

Nósanna Imeachta Breithnithe Sholúbtha agus Chóir

Tugadh roinnt breithiúnas de chuid na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí i rith chéad bhliain oibrithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Dhéileáil na breithiúnais seo go díreach le cumhachtaí, feidhmeanna agus lánrogha oifigigh bhreithnithe.

Sa chás *Adigun v An Binse Comhionannais*⁹, thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas tábhachtach ar chumhachtaí Oifigigh Chomhionannais/ Oifigigh Bhreithnithe chun déileáil le réamhceisteanna ag éisteacht.

Tháinig díospóid chun solais idir an tUasal Adigun, drámadóir, agus Amharclann na Mainistreach maidir le léiriúchán de “The Playboy of the Western World”. Chuir sé gearán faoi bhráid an Bhinse Comhionannais a líomhnaigh go ndearnadh idirdhealú air faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhoras cineáil. Chuir an tOifigeach Comhionannais réamhéisteacht ar bun lena dheimhniú an fostaí an tUasal Adigun. D’eisigh sé an cinneadh, ina dhiaidh sin, nach fostaí an gearánaí agus, ar an ábhar sin, ní raibh an dlínse ag an Oifigeach Comhionannais chun éisteacht leis an ngearán substainteach. Rinne an gearánaí athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh sin agus rinne an

Breitheamh Onórach Sheehan a éilimh a dhíbhe san Ard-Chúirt. Rinne an gearánaí achomharc ansin leis an gCúirt Uachtarach.

Bhí sé ina argóint ag an Uasal Adigun gur tháinig sé salach ar nósanna imeachta córa, faoi mar a ráthaítear sa Bhunreacht agus nach raibh sé comhoiriúnach d’Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (an ECHR) chun réamhéisteacht a chur ar bun, faoina chúinsí,

“nuair a bhain substaint an cháis le híospairt agus le hidirdhealú”. Luaigh an Breitheamh Onórach Charleton, a sholáthair Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí, an méid a leanas

“Cé gur cuí an argóint a dhéanamh gur triail aonadach an gnáthmhodh agus an modh is sásúla chun leanúint ar aghaidh le cás i gcúirt, is iomaí cúinse a bhíonn i gceist, chomh maith, faoina bhféadfaidh réamhshaincheist a chur faoi thriail substaint díospóide dlíthiúla a réiteach.”
.....Fiú seachas ón bhfo-alt a luaitear thuas, **ní sháraíonn sé scóip na nósanna imeachta córa roimh aon chomhlacht breithiúnach nó garbhreithiúnach go ndéanfar saincheist a aonrú agus a chur faoi thriail roimh an bpríomhéisteacht a fhad agus is féidir sin a dhéanamh go cóir.** Dá bhrí sin, fiú seachas forálacha reachtaíochta, luifeadh sé le ciall a luaithe a tugadh an tsaincheist chun solais, gur cheart é a dheimhniú roimhe sin ar dhóchúil go mbeadh éisteacht shubstainteach i gceist léi. Is teoranta d’acmhainní cúirteanna agus binsí. Cleachtadh gan chiall is ea é chun tabhairt faoi thriail fírice thar thréimhse roinnt laethanta nuair is léir gurb é an chéad bhacainn atá le sárú aige nó aici cé acu an bhféadfaidh nó nach bhféadfaidh réiteach na bhfíricí siúd aon sásamh a bhaint amach don éilitheoir. “

Breithiúnas tábhachtach é seo d'Oifigigh Bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre mar gheall gur léir go ligeann sé dóibh lánrogha a bheith acu i ndéileáil le réamh-shaincheisteanna i gceisteanna dlínse ar nós stádas an ghearánaí, teorainneacha ama agus ceisteanna eile fiú nach bhfuil aon chumhachtaí sonracha sa reachtaíocht, a fhad agus a dhéantar go cóir é.

Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas ina mhacasamhail de chás in Iúil 2016. Sa chás **Coiste Gairmoideachais Chontae Lú v an Binse Comhionannais**¹⁰ líomhnaigh an gearánaí idirdhealú agus ciapadh ar fhoras gnéaschlaonta. Chuir na freagróirí i gcoinne na fianaise a tugadh isteach a dhéileáil le ceisteanna a bhí ag gabháil siar roinnt blianta. Dheimhnigh an Ard-Chúirt go bhféadfaí gearán a fhairsingiú a fhad agus a fhan an gearán ginearálta mar an gcéanna. D'aontaigh an Chúirt Uachtarach den chuid is mó le breithiúnas na hArd-Chúirte sa mhéid gur dheimhnigh sé go bhféadfadh oifigigh chomhionannais (tugtar oifigigh bhreithnithe orthu anois) fianaise a cheadú i gceisteanna agus cinneadh a dhéanamh, ina dhiaidh sin, ar a luach cruthúnais.

Mheas McKechnie J an méid seo a leanas:

“.....bheinn sách sásta, áfach, faoi réir nósanna imeachta atá cóir ar an iomlán, go mbíonn saoire mheasartha ag oifigeach comhionannais nuair a dhéanann sí cinneadh ar conas ba cheart tabhairt faoin éisteacht roimpi. Tacaíonn an cinneadh sa chás Aer Lingus Teoranta v. An Chúirt Oibreachais [1990] I.L.R.M. 485, chomh maith, leis an tátal seo, sa chás gur measadh, cé go raibh sé i gcomhthéacs na Cúirte Oibreachais, go bhféadfadh an comhlacht sin cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh na gearáin laistigh d'am, cé acu trí réamhfhiosrúchán nó mar chuid d'éisteacht aonadach ina bhfuil fiúntas an cháis i gceist, chomh maith.”

Lean siad ar aghaidh leis an méid a leanas a lua:

“..... i gcomhréir le prionsabal atá bunaithe le fada, glactar leis gur fíor go dtabharfaidh an próiseas ina ndéantar an cinneadh agus an cinneadh féin an aird chuí ar cheartas nádúrtha agus bunreachtúil agus, anuas air sin, déanfar an cinneadh i gcomhréir leis an dlí agus, ar an ábhar sin, laistigh den dlínse a bhrontar uirthi faoi Acht 1998. Dá réir, ní fhéadfadh aon bhonn an bheith ann don Chúirt seo chun idirghabháil a dhéanamh agus chun coinne a bheith leis nó a thuiscint, ar bhealach éigin, go ngníomhóidh sí go neamhdhleathach. “

Mheas McMenamin J an méid seo a leanas;

“Tá sé deimhnithe go daingean gurb é cuspóir comhlacht breithiúnachta nó binse, ar nós Bhinse an fhreagróra, chun sásamh mear agus éifeachtach a sholáthar i gcásanna ina líomhnaítear idirdhealú. Ní ábhar díospóide gur féidir leis na nósanna imeachta ar baineadh leas astu a bheith neamhfhoirmiúil agus solúbtha. Is fíor, faoi mar a mhaíonn an tUasal Gerard Durcan, Abhcóide Sinsearach, abhcóide don Bhinse, nach dtagann réimse na n-éilitheoirí a thagann os comhair an Bhinse sin faoi chuimsiú aon chatagóire amháin. Féadtar ionadaíocht dlí a dhéanamh dóibh nó a mhalairt agus, ar an ábhar sin, tá údar agus gá araon le solúbthacht.”

Deimhníonn an breithiúnas seo, anuas ar bhreithiúnas Adigun, gur féidir le hoifigigh bhreithnithe, a fhad agus a chloíonn siad le nósanna imeachta córa, gníomhú le solúbthacht agus le neamhfhoirmiúlacht.

¹⁰ [2016] IESC 40

Dhiúltaigh an Ard-Chúirt sa chás **Sam Dennigan Ltd V O’Connell agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**¹¹ chun cead a thabhairt chun iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach. Lorg na hlarratasóirí cead chun cinneadh an oifigigh bhreithnithe a neamhniú nuair a rinne sé cás a athsceidealú le haghaidh éisteachta i ndiaidh gur cuireadh ar an eolas é nach raibh an gearán ar fhógra an dáta éisteachta. Ní dhearnadh aon chinneadh ar an tsaincheist shubstainteach. Arís eile, rinne an Ard-Chúirt tagairt do na nósanna imeachta neamhfhoirmiúla agus sách solúbtha a cheadaítear do chomhlacht gar-bhreithiúnach, cé gur athluadh arís eile an tábhacht a bhaineann le nósanna imeachta córa.

Luaigh Humphries J held

“Tá cearta próis chuí ag páirtí an fhógra, a dhéanfaidh an prionsabal dian agus neamh-inghlactha dlí atá á chur chun cinn ag an iarratasóir a chur ar ceal, go simplí.”

Lean sé ar aghaidh lena lua go raibh lánrogha oifigeach breithnithe chun an cheist a athliostáil réasúnta agus cothrom faoi na cúinsí.

“Ní hamháin nach raibh an cinneadh neamhréasúnach, ach b’fhreagairt thar a bheith réasúnta agus, go deimhin, dhaonnachtúil, bháil agus chóir í ar an gcás agus

bhí sí go hiomlán i gcomhréir le beartas luaite na bhfreagróirí chun ceistanna a cheadú a bheith athliostáilte má soláthraíodh míniú ar neamhfheastal sula ndéanfaí an t-éileamh a dhíbhe go foirmiúil.”

Athbhreithniú Cúirte ar Imscrúdú Coiriúil

Sa chás **Deirdre Foley And D2 Private Ltd v an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**¹² rinne an Ard-Chúirt dúshlán a dhíbhe a cuireadh roimh na cumhachtaí a d’úsáid cigirí a d’imscrúdaigh comhiomarcaíochtaí oibrithe ag Siopa Ilrannach Clery’s. Dhéileáil an cás le himscrúdú faoin Acht um Chosaint Fostaithe, 1977 faoinar thug beirt chigirí den CCÁO agus, go háirithe, a ngníomhartha i rith an imscrúdaithe.

Chuir na cigirí tús le himscrúdú ar chomhiomarcaíochtaí daoine a d’oibrigh i siopa ilrannach Clery’s mar fhostaithe de chuid OCS Operations. Mar chuid dá n-imscrúdú, d’iontráil cigirí an CCÁO áitreabh cuideachta, D2 Private Ltd, agus d’urghabháil siad ríomhaire glúine agus taifid eile. Chreid na cigirí go bhféadfadh go mbeadh baint ag an gcuideachta le hiomarcaíochtaí Clery’s agus go raibh fianaise rithábachtach ar an ríomhaire glúine a d’fhéadfaí a úsáid dá mbeifí le tabhairt faoi imeachtaí coiriúla faoin Acht.

Chuir úinéir na cuideachta, an tUasal Deirdre Foley, agus an chuideachta féin tús le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt, a mhaígh nach raibh na cigirí agus an CCÁO i dteideal an oifig a iontráil agus na hábhair a thabhairt leo. Chuir siad in aghaidh na dlíthiúlachta agus an bhealaigh, chomh maith, inar tugadh faoi na cuardaigh agus an urghabháil. Lorg an tUasal Foley agus an chuideachta urghaire chun stop a chur leis an imscrúdú ar an bhforas nach raibh an chumhacht ag na cigirí chun D2 a imscrúdú. Theastaigh on gcuideachta, chomh maith, go dtabharfaí an ríomhaire glúine agus taifid eile ar ais agus theastaigh damáistí uathu i ngeall ar fhoghail agus sárú príobháideachais.

I ndiaidh an cúlra atá le táthcheangal Clery’s agus na hiomarcaíochtaí a lean sin a leagan amach, leag an Breitheamh Onórach Twomey an bhéim ar an bpríomh-shaincheist a bhfuil cinneadh le déanamh uirthi sa chás, is é sin, ar cheart don Chúirt “athbhreithniú breithiúnach seo an imscrúdaithe ag na cigirí a cheadú ar an gcion coiriúil a líomhnaítear”.

Agus a argóintí á mbunú aige ar an gcásdlí ábhartha, rinne an Breitheamh réamhbhreathnóireacht:

“... tá an Chúirt seo faoin tuairim gurb ionann an dlí maidir leis an tsaincheist seo agus nach bhfuil athbhreithniú breithiúnach ar an mbealach ina bhfuil na Gardaí nó cigirí atá ceaptha ag an Stát ag tabhairt faoi imscrúdú, faoi mar atá i gceist sa chás seo, ar fáil ach faoi na cúinsí is eisceachtúla, mar gheall go ndeonaítear an teorainn is leithne agus is féidir de bhreithiúnas do na himscrúdaitheoirí siúd, bíodh Gardaí nó Cigirí an CCÁO i gceist leo, sa bhealach ina dtugann siad faoina n-imscrúdú”.

Dúirt sé nár bhain an cás le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil fianaise a fhaigheann na cigirí i ndiaidh na hurghabhála incheadaithe in aon triail choiriúil. Bhain an cás “i bhfad ní ba mhó leis an réamhshaincheist” cé acu an féidir nó nach féidir le Cúirt cur isteach ar an bpróiseas imscrúdaithe ag gníomhaireacht an stáit sula gcuirtear tús le himeachtaí coiriúla.

Lean sé ar aghaidh lena lua go gcaithfeadh go raibh na cigirí ag gníomhú go hiomlán neamhréasúnach sula bhféadfadh Cúirt cur isteach ar imscrúdú choiriúil. Dheimhnigh sé go raibh na cigirí go hiomlán i dteideal, faoin Acht, chun páirtithe a imscrúdú nach hionann iad agus na fostaithe agus, faoi chúinsí ar leith an cháis

seo, chun imscrúdú a dhéanamh ar D2 agus an tUasal Foley. Dheimhnigh sé, chomh maith, nuair a chuirtear eolas na gcigirí san áireamh ag an tráth a d’iontráil siad áitreabh D2, ba réasúnta gur chreid siad go bhféadfadh gur bhain an t-imscrúdú ar D2 le hiomarcaíochtaí Clery’s. Dheimhnigh sé, de bhreis air sin, nach ndearnadh iontráil na gcigirí isteach san áitreabh agus an ríomhaire glúine a urghabháil ar “chuspóir míchuí” mar gheall go raibh siad i dteideal a chinntiú go raibh an t-imscrúdú fadréimseach agus críochnúil. Ar a bharr sin uile, luaigh sé, nuair a dhéanann páirtí atá á imscrúdú i ngeall ar chion coiriúil pribhléid dhlíthiúil maidir le cáipéisí, is faoin mbreitheamh atá ag éisteacht leis an gceist choiriúil a bhíonn sé cinneadh a dhéanamh ar an méid atá faoi phribhléid. Luaigh sé, chomh maith leis sin, nach raibh argóintí an Uasail Foley agus D2 gan fhiúntas mar gheall ar a bhreithiúnas, ach ba é an áit oiriúnach chun a n-argóintí a dhéanamh i dtrial choiriúil, áfach, má thiteann triail amach i ndiaidh an imscrúdaithe.

Ar an dlí a chur i bhfeidhm ar fhírící an cháis agus ar an bhfaoiseamh go léir a lorgaíodh a dhiúltú, ba é an tátal a bhain an Breitheamh Onórach Twomey as:

“...mar cheist dlí, is rí-ard don tairseach chun cur isteach in imscrúduithe coiriúla agus níor bhaineann gníomhartha na gcigirí sa chás seo an tairseach seo amach, mar sin, chun údar a thabhairt le cur isteach na Cúirte.....Is neamhaibí don iarratasóir a lorg chun cur isteach ar an imscrúdú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon ról acu sna cionta a líomhnaítear a bhaineann le hIomarcaíochtaí Clery’s.”¹³

¹³ Tá an Rialú seo faoi achomharc

An Ceart (murab ionann agus Oibleagáid) go n-éistear leat

B' Athbhreithniú Breithiúnach **Capital Food Emporium (Holdings) Limited (Capital Food Emporium Ltd roimhe seo) v John Walsh agus an Binse Achomhairc Fostaíochta**¹⁴ faoinar thug an t-iarratasóir ar an mbonn gur sháraigh an Coimisinéir um Chearta prionsabal audi alteram partem nuair a lean sé ar aghaidh le héisteacht nuair nár tháinig ionadaithe an fhreagróra i láthair. Scríobh na hionadaithe chuig an gCoimisinéir um Chearta lena dheimhniú go mbeadh ionadaíocht á déanamh acu don fhreagróir, tugadh fógra dóibh faoin dáta éisteachta agus níor sheol na húdaráis phoist aon chomhfhreagras ar ais. Dheimhnigh an Chúirt an méid seo a leanas

“..... a luaithe a bhí an Coimisinéir um Cheart sásta ag éisteacht an 2 Lúnasa 2012, gur seoladh comhfhreagras go dtí an ESA a chuir ar an eolas é ar dháta, am agus ionad éisteacht ghearán an Uasail Stewart, bhí sé go hiomlán i dteideal chun leanúint ar aghaidh leis an éisteacht agus chun moladh a eisiúint ina dhiaidh sin. In aghaidh an ghearáin a rinneadh ag éisteacht an iarratais istigh, ní raibh aon oibleagáid ar an gCoimisinéir um Chearta chun glao ar ESA (agus/nó ar Capital Food Emporium Limited ach chomh beag) agus fiafraí cad a bhí ag tarlú. Níl ann fiú agus tús a chur le prionsabal audi alteram partem a shárú, ná níl aon chosúlacht ann gur sáraíodh rialacha an cheartais bhunreachtúil nó nádúrtha, nuair a lean an Coimisinéir um Chearta ar aghaidh faoi mar a rinne sé. Bronnadh prionsabal audi alteram partem agus rialacha an cheartais bhunreachtúil nó nádúrtha an ceart ar dhuine go n-éistear leat, seachas an ceart chun moill a chur ar chúrsaí go deo go dtí go roghnaítear, má roghnaítear féin, chun freastal ar éisteacht.

Dhéileáil an cás céanna go hachomair le cumhachtaí Coimisinéara um Chearta (tugtar Oifigeach Breithnithe anois air) faoi Alt 39 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Dhearbhaigh Barret J nach gceanglaítear éisteacht úrnua faoi Alt 39(2) le húdarás ábhartha chun leasú a dhéanamh faoin alt sin agus nach bhfuil aon teorainneacha ama á leagan san Acht ar iarratas ar ordú ceartaithe nó chun an t-ordú sin a dhéanamh.

Cinntí Oifigeach Breithnithe Gearáin a bhaineann leis na teagmhais chéanna

Sa chás ADJ-00000493, d'imscrúdaigh an t-oifigeach breithnithe gearán faoi idirdhealú, ciapadh, dífhostú idirdhealaitheach agus íospairt faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus dhá ghearán maidir le dífhostú éagórach faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Bhí sí sásta, i ndiaidh glacadh le fianaise ba threise an ghearánaí, nárbh ann d'aon chás prima facie d'idirdhealú nó de chiapadh.

Dheimhnigh sí gurbh é an chéad uair a thug an gearánaí an tsaincheist idirdhealaithe ná sa ghearán a rinneadh leis an CCÁO. Agus úsáid á baint as an tástáil a leag an Chúirt Oibreachais amach sa chás **An Roinn Cosanta v Barrett EDA1017**, dheimhnigh sé, mar gheall nár cuireadh an freagróir ar an eolas ar aon ghearán féideartha i leith idirdhealú sula ndearnadh an t-éileamh i leith íosparta, ní dhearnadh íospairt ar an ngearánaí. Bhí gearáin i leith dífhostú éagórach faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1969 bunaithe ar na fíricí céanna ar braitheadh orthu chun an gearán faoi idirdhealú a bhunú.

Níor sásaíodh an t-oifigeach breithnithe go ndearnadh aon

sáruithe ar nósanna imeachta cora, ná níor sásaíodh é go raibh a fhionraí ceangailte ar aon bhealach le haon ghearán a rinneadh leis an CCÁO. Bhí sí faoin tuairim gur cheart gur bhain an gearánaí úsáid as na nósanna imeachta inmheánacha agus, mar sin, ní dhearnadh moladh. Roimh Dheireadh Fómhair 2015, bheadh na gearáin seo curtha faoi bhráid an Bhinse Comhionannais agus na gCoimisinéirí um Chearta agus bheadh ar an ngearánaí aird a thabhairt ar an tsraith chéanna fíricí agus bheadh ar an bhfreagróir cosaint a dhéanamh os comhair an dá fhórait go leithleach.

An Fóram Cuí

Dhéileáil cás leagáide den Bhinse Comhionannais, DEC-E2016-130 le dlínse fórait atá bunaithe in Éirinn chun éisteacht le cás. Cé go ndearnadh an cás a thaisceadh sa Bhinse Comhionannais, tá impleachtaí aige don CCÁO sa mhéid go mbaineann an tsaincheist dlínse le gach reachtaíocht fostaíochta agus chomhionannais. Mar gheall go raibh an tsaincheist dlínse an-chasta agus gur dhéileáil sí le ceisteanna Dhlí na hEorpa (go háirithe Rialachán na hEorpa (CE) 44/2001 (Rialachán na Buiséile I), Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 593/2008 (Rialachán na Róimhe I), Rialachán na Comhairle (AE) Uimh. 1215/2012 (Rialachán na Buiséile – Athmhúnlú) agus Rialachán

na Comhairle (CE) 712/2007 (Lugano)) anuas ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, na Ríochta Aontaithe, na Gearmáine agus na hÉireann, rinne an t-oifigeach breithnithe an cinneadh chun éisteacht le réamhshaincheist an fhórait ar bhonn *conveniens*.

D'oibrigh an gearánaí ar long a bhí ag taisteal idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag. Bhí sé ina argóint ag na freagróirí, sa chás go bhfuil fostaí ina fhostaí taistil, faoi mar atá i gceist sa chás seo, rialaíonn stát bhratach na loinge nó láthair na ceannoifige an dlínse; agus ba í an Chipir a bhí i gceist sa dá chás seo. Luaitear sa chonradh fostaíochta, chomh maith, go mbeadh díospóid faoi réir dhlínse Phoblacht na Cipire. Rinne an Gearánaí an argóint gurbh ionann saincheist an dlínse agus iarracht ag an bhfreagróir chun fostaíthe a eisiáimh óna gcearta dlíthiúla a fhorfheidhmiú mar gheall nach raibh ach 11 as na 772 fostaí bunaithe sa Chipir. Bhraith sé ar Rialachán na Buiséile 1 chun an argóint a dhéanamh go raibh an áit ar tugadh faoin gconradh a dhéanamh cinntitheach i dtaobh na háite ina bhféadfaí dul chun dlí faoi cheisteanna agus, i ngeall ar fhíricí an cháis, ba í Éire an áit seo. Rinneadh aighneachtaí casta maidir leis an dlí. Bhí an t-oifigeach breithnithe agus na páirtithe

ar aon intinn nárbh ann d'aon chásanna Eorpacha ina ndearnadh léirthuiscint a bhaint as Airteagal 19.2 (b) de Rialachán na Bruiséile 1 sa chás go bhfuil an fhostaíocht ar bord áirthaigh atá ag taisteal ó Bhallstát amháin go ceann eile.

Dheimhnigh an t-oifigeach breithnithe, ar dhul cainte fhoclaíocht Airteagal 19.2 (b) agus chonradh fostaíochta an ghearánaí, ba é an áit a raibh an fostaí fostaíthe le hoibriú ann Éire mar gheall gur sainaitníodh Port Láirge mar an bPort Fostaíochta agus ba é an áit ar síníodh an conradh Baile Átha Cliath.

Bónas na Nollag a aistarraingt go haontaobhach

Éisteadh le cás faoin Acht um Íoc Pá, 1991 in ADJ-00003012, Beirt Chúntóirí Miondíola v Miondíoltóir. Ba rí-chosúil na fíricí i ngach cás, go mór mór, sa mhéid gur éilíodh sa dá chás go raibh siad i dteideal bónas na Nollag a fháil in airgead tirim. Thug siad fianaise go ndearna an chuideachta athrú aontaobhach in 2004 ar an gcóras bónais agus gur cuireadh dearbháin ina ionad. Luaigh an chuideachta go raibh sí i dteideal an scéim bónais a athrú agus ghlac tromlach mór na bhfostaithe leis an athrú.

Dhearbhaigh an t-oifigeach breithnithe mar gheall gur ghlac

tromlach na bhfostaithe leis an athrú níor thug sin le fios, leis féin, go ndearnadh an conradh a athrú mar thoradh ar nós agus cleachtas. Ba shoiléir nach raibh an t-athrú a rinneadh ar an scéim bónais mar thoradh ar chomhaontú comhchoiteann agus níor ghlac an bheirt ghearánaithe le hathrú ar a gconarthaí riamh. Ba dhealraitheach dó gur tháinig an íocaíocht airgid thirim faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar phána faoin Acht um Íoc Pá. Lean sé ar aghaidh lena lua go raibh an cheist seo ina raibh baint ag na fostaíthe céanna roimh na Coimisinéirí um Chearta roinnt uaireanta agus go raibh na cinní siúd i bhfabhar na ngearánaithe i gcónaí. Thagair sé do na hachomhairc, chomh maith, a rinneadh leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta a sheas le cinní na gCoimisinéirí um Chearta.

Luaigh sé gur léirigh sé dímheas ar Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta agus an Binse Achomhairc Fostaíochta go leanfadh na freagróirí ar aghaidh i gcoinne na ngearánaithe. Lean sé air lena lua go bhfuil bonn daingean faoi staid dhlíthiúil na ngearánaithe agus go leagann sé freagracht ar an bhfreagróir chun meas a léiriú air, chun glacadh leis agus chun é a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. D'ordaigh sé go n-íocfar an bónas i gcomhréir le halt 2 den Acht um Íoc Pá, 1991.

Gearáin Iolracha

Sa chás ADJ-00000991, rinne an gearánaí naoi ngearán, ar an iomlán – cúig cinn faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus ceann amháin faoi na hachtanna a leanas: an tAcht um Íoc Pá, 1991, an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994, an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 agus an tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973. Bhí sé ina argóint ag an bhfostóir nár bhain an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an bhfostaí mar gheall go ndearna sé cinneadh ar a am féin, de réir alt 3(2)(c) den Acht.

Dhearbhaigh an t-oifigeach breithnithe nach ndearna an gearánaí cinneadh faoina uaireanta oibre. I ndiaidh éisteacht leis an bhfianaise, lean sí ar aghaidh leis an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara: maidir le hoibriú ar an Domhnach, cé go bhféadfadh go ndearna an gearánaí obair corruair ar an Domhnach i ngeall ar laethanta a cailleadh i rith na seachtaine, ghlac sí leis an bhfianaise go raibh air oibriú corruair ar an Domhnach agus ordaíodh an freagróir chun cúiteamh de shuim €500 a íoc; maidir le saoire bhliantúil, tháinig sí ar easnamh sa mhéid a tugadh don ghearánaí agus bronnadh €904 sa bhreis ar an ngearánaí;

ba dhealraitheach di nár cuireadh i bhfeidhm forálacha an Achta maidir le saoirí poiblí agus bronnadh cúiteamh de shuim €500 air; athrá ar na gearáin faoi shaoire bhliantúil agus saoire phoiblí a bhí sa dá ghearán eile, dar léi. Faoi théarmaí an Achta um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), sheol an fostóir cáipéis ar aghaidh a d'airbheartaigh bheith ina conradh scríofa a tugadh don fhostaí a mhaígh nach raibh aon eolas aige ar an gcáipéis. Bhí sí i bhfabhar a fhianaise agus bhronn sí cúiteamh de shuim €1,400 air.

Tugadh fianaise a tháinig salach air féin maidir leis na cúinsí faoinar cuireadh deireadh le fostaíocht an ghearánaí. Luaigh an gearánaí, nuair a dúirt sé leis an bhfreagróir nach bhféadfadh sé oibriú an chéad lá eile (Dé Sathairn) mar gheall go raibh air freastal ar bhreiteacht bhaile, dúirt an freagróir leis nach bhfaigheadh sé aon obair bhreise uaidh. Luaigh an freagróir, i ndiaidh gur thug an gearánaí agus a dheartháir, a bhí ina fhostaí chomh maith, cuairt air chun airgead/pá saoire a lorg, agus i ndiaidh dó é seo a dhiúltú, thug an bheirt díobh fógra ó bhéal dó agus chríochnaigh siad an Aoine ina dhiaidh sin.

Thug an t-oifigeach breithnithe, fiú má d'éirigh an fostaí gearánaí as an bpost “ar an bpointe boise”,

bhí freagracht ar an bhfostóir an tsaincheist a réiteach nó chun deis a thabhairt don fhostaí, ar a laghad, chun ligean do chúrsaí socrú síos. Thug sí faoi deara nach ndearnadh aon éirí as post i scríbhinn agus ghlac sí le fianaise an ghearánaí go ndúradh leis nach raibh sé ag teastáil a thuilleadh. Níorbh inchreidte di go gcaithfeadh fostaí a d'fhóin ar feadh tuairim is 15 bliana a fostaíocht in aer mar gheall ar dhíospóid faoi phá saoire. D'ordaigh sí an freagróir chun suim chúitimh €12,000 a íoc.

Agus cinneadh á dhéanamh ar an sásamh seo, chuir sí san áireamh an chaoi nach raibh athfhostú nó aischur an phoist cuí mar gheall go raibh an obair á fochonrú ag an bhfreagróir. Chuir sí san áireamh, chomh maith leis sin, na hiarrachtaí a rinne an gearánaí chun a chaillteanas a mhaolú. Rinneadh na gearáin deiridh maidir leis an Acht um Íoc Pá agus an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta a dhúbailt agus bronnadh an tsuim a bhí cumhdaithe sa tsuim dheiridh faoin Acht um Dhífhostú Éagórach. Ba é an tsuim iomlán a bronnadh €15, 304.

Stádas Fostaíochta

Dhéileáil an t-oifigeach breithnithe le réamh-shaincheist stádas an fhostaí in ADJ-00004297. D'iarr an ceardchumann go n-éistfear leis an gceist mar chomhbhunús,

mar gheall go raibh baint ag roinnt gearánaithe. Chuir an chuideachta ina aghaidh ar an mbunús nach ndearna an ceardchumann ionadaíocht do gach duine de na fostaíthe a ndearnadh difear dóibh. Rinne an t-oifigeach breithnithe an cinneadh chun éisteacht leis an gcás ar an lá mar gheall go raibh moill curtha air cheana féin chun deis a thabhairt do na páirtithe chun na héilimh a réiteach. Taisceadh na gearáin faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969.

Dhéileáil an t-oifigeach breithnithe go mionsonraithe le fianaise an ghearánaí agus an fhreagróra maidir le stádas an ghearánaí mar chonraitheoir neamhspleách. Rinne sí breithniú fairsing ar an gcásdlí sa limistéar, an cás An tAire Talmhaíochta agus Bia v Barry, Henry Denny & Sons Ltd v an tAire Coimirce Sóisialaí, agus cás a thit amach le déanaí sa Chúirt Oibreachais, Ospidéal Naomh Séamas v O'Flynn. Chuir sí cásdlí Shasana, an Cód Cleachtais um stádas fostaíthe agus féinfhostaithe a chinneadh agus sainmhíniú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (an ILO) ar “caidreamh ceilte fostaíochta” san áireamh.

Bunaithe ar an anailís a rinne sí ar fhíricí agus cúinsí an cháis ar leith

seo, chonacthas don oifigeach breithnithe go raibh an lipéad a bhí ar an bpost a thosaigh an gearánaí i Márta 2015 an-difriúil óna chroí-shubstaint agus a chroífheidhm laethúil, i bhfírinne. Bhí sí faoin tuairim go raibh baint ag an ngearánaí i ról agus feidhm fostaí ó thús a fostaíochta ar aghaidh. Maidir leis na gearáin shubstainteacha, d'ordaigh sí go dtugann an freagróir ráiteas scríofa don fhostaí, amhail alt 7(2) (c) d'Acht 1994. Bhí an gearán a rinneadh faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 as am, dar léi. Mhol sí íocaíocht €3,000 a dhéanamh faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1969 i ngeall ar chaitheamh leis an ngearánaí go héagothrom (cé go ndearna Conradh téarma sheasta seo a mhaolú) agus mhol sí go n-atheisíonn an freagróir an tairiscint a rinne sí de chonradh buan.

Comhlachtaí Trasteorann

Tháinig cás casta faoin Acht um Íoc Pá i gcás ADJ-00000285 ina raibh an gearánaí fostaíthe i gcomhlacht trasteorann. Ina Conradh fostaíochta, b'ionann a ranníocaíochtaí lena scéim pinsin agus 1.5% agus leagadh amach ann téarmaí na scéime. Mar thoradh ar athruithe reachtúla sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann ar phinsin earnála poiblí, tháinig ardú

chuig 5.45% ar a ranníocaíochtaí pinsin agus bhí sochair phinsin i gceist a bhí i bhfad ní b'ísle. In ainneoin a haighneachtaí, rinne an freagróir asbhaintí óna tuarastal míosúil faoin scéim nua. Chuir sí i gcoinne seo agus rinne sí gearán a thaisceadh faoin Acht um Íoc Pá, 1991 gurbh ionann na ranníocaíochtaí ní b'airde agus asbhaintí neamhdhleathacha agus nár tháinig siad faoi chuimsiú scóip alt 5(1)(a) den Acht agus nár theastaigh siad faoin dlí.

Rinne an tOifigeach Breithnithe breithniú ar stádas dlí Chomhaontú "Bhéal Feirste", an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus a Sceidil agus cé acu ar tháinig nó nár tháinig an scéim pinsin agus an cinneadh chun an ranníocaíocht a mhéadú faoi chuimsiú an tsainmhíne ar "ionstraim reachtúil" faoi Ionstraimí Reachtúla, 1947 agus i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí sa chás O'Neill v Gobharnóir Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh. Thagair sé, chomh maith leis sin, do chinneadh a rinne Oifigeach Breithnithe roimhe seo in ADJ-00000254. Chonacthas dó nach raibh an tAguisín le Comhaontú na Breataine-na hÉireann mar chuid den Reacht agus, ar an ábhar sin, ní raibh éifeacht reachtúil ag achtacháin eile a rinneadh. Dar leis,

ní raibh cinneadh an fhreagróra chun airgead breise a asbhaint sa mhullach ar an 1.5% "ag teastáil nó údaraithe ag reacht" agus bhí sé in aghaidh an dlí, ar an ábhar sin, agus sháraigh sé an tAcht.

Íocaíocht Saoirí Poiblí a Ríomh

D'oibrigh an Gearánaí go páirtaimseartha ar feadh ocht n-uaire déag sa tseachtain. Ní dhearnadh aon chomhaontú foirmiúil maidir lena huairteanta cruinne oibre ach ba léir gur oibrigh sí ní ba mhó uairteanta ar an Luan ná ar lá ar bith eile sa tseachtain. Mar thoradh air sin, bhí sé ina argóint aici go raibh sí i dteideal pá sé huairte an chloig a fháil le haghaidh gach Saoire Bhainc Luain a d'oibrigh sí. Bhí sé ina argóint ag an bhfreagróir gurbh ionann a meánuairteanta laethúla oibre 3.6 uair, agus gurbh ionann sin agus an cúigiú cuid dá huairteanta seachtainiúla agus gurbh ionann sin, mar sin, agus an méid a bhí iníoctha maidir le Saoirí Poiblí. Chuir an tOifigeach Breithnithe an réasúnaíocht i bhfeidhm a leagtar amach sa chás Na Coimisinéirí Ioncaim v Gerard Doyle agus chonacthas dó, mar gheall nach raibh aon phatrún ar leith d'uairteanta nó de laethanta oibre aici, go raibh feidhm ag Rialacháin 3(2) agus 5(1)(b), seachas Rialachán (5)(1) (a). Dá bhrí sin, bhain an meánráta

laethúil bunaithe ar a socruithe conarthacha chun 18 n-uaire a oibriú sa tseachtain, seachas na huaireanta féin a d'oibrigh sí ar an dá lá a bhí mar ábhar an ghearáin.

Caitheamh idirdhealaitheach faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann

Éisteannt Seirbhís Bhreithnithe an CCÁO le gearáin sa chéad ásc faoin reachtaíocht chomhionannais go léir, idirdhealú ina measc faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2015 a bhaineann le hearraí agus seirbhísí, cóiríocht agus oideachas a sholáthar.

In ADJ- 00001248, líomhnaigh an gearánaí go ndearnadh idirdhealú ar fhoras an Lucht Siúil nuair a d'iarr garda slándála uirthi siopa an fhreagróra a fhágáil. Bhí roinnt earraí ceannaithe aici cheana féin agus bhí sí ag feitheamh lena deirfiúracha céile chun an tsiopadóireacht a chríochnú. D'iarr sí ar mhíniú agus cuireadh ar an eolas í go gcuirfí fios ar na Gardaí mura bhfágadh sí. Dúirt sí leis an bhfoireann go bhfanfadh sí agus fad a bhí sí ag fanacht, d'fhiafraigh an garda slándála ar a leanaí an raibh eagla orthu mar gheall go raibh na Gardaí ag teacht chun dul sa tóir orthu. Bhraith an gearánaí gurbh ionann seo agus imeaglú breise agus nuair a d'iarr sí air a

ainm a thabhairt, dhiúltaigh sé. Níor fhreastail an freagróir ar an éisteacht.

Bhí an t-oifigeach breithnithe sásta go raibh cás prima facie de chaitheamh idirdhealaitheach i gceist agus gur iarradh ar an ngearánaí an siopa a fhágáil mar gheall gur aithin an garda slándála í mar bhall den Lucht Siúil. Bronnadh €1,000 ar an ngearánaí. D'ordaigh sí, chomh maith, an freagróir chun oiliúint foirne a sholáthar ar na hAchtanna um Stádas Comhionann.

In ADJ-00004056, rinneadh gearán i leith idirdhealú i dtaobh cóiríocht ar cíos a sholáthar ar fhoras an Chúnamh Thithíochta nua. Dheimhnigh an freagróir gur diúltaíodh cóiríocht don ghearánaí ar an mbonn go raibh Leas Sóisialach á fháil aige ach ba bhotún gan chuimhneamh é seo. Ghabh sé leithscéal leis an ngearánaí agus thug sé le fios go raibh nósanna imeachta nuashonraithe i bhfeidhm anois sa ghnólacht chun cosc a chur ar atarlú. Chonacthas don Oifigeach Breithnithe, áfach, gur sáraíodh an tAcht agus bronnadh €300 ar an ngearánaí.

Aguisín 3

Iarratais ar Ghearán 2016: Bonn Reachtaíochta

Reachtaíocht	Líon	%
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1104	17.5
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach	1036	16.5
Na hAchtanna Caidrimh Thionscail	992	15.8
An tAcht um Íoc Pá, 1991	894	14.2
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994	538	8.5
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta	365	5.8
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta	340	5.4
An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973	288	4.6
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003) (seachas Rialachán 4(4) (a))	211	3.4
Na hAchtanna um Stádas Comhionann	131	2.1
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	105	1.7
An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	81	1.3
Rialacháin 5, 8, 9, 10, 11 nó 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Daoine i mBun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), (I.R. 36 Uimh. de 2012)	56	0.9
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	40	0.6
An tAcht um Chosaint Máithreachais, 1994	22	0.3
An tAcht um Shaoire Thuismitheora, 1998	19	0.3
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	10	0.1
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012	9	0.1
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Ghluaisteach in Eitlíocht Shibhialta), 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)	7	0.1
Rialacháin 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta)	7	0.1
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014	6	0.1
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí faoi Oilíúint), 2004 (I.R. Uimh. 494 de 2004)	3	0.1
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibríthe Taistil atá páirteach i Seirbhísí Trasteorann Comhoibritheacha san Earnáil Iarnróid), 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)	2	0.1
An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	2	0.1
An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	2	0.1
Achtanna na bPinsean	2	0.1
An tAcht Sláinte, 2004	1	
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011	1	
Rialachán 9(4) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuairisciú ar Tharluithe in Eitlíocht Shibhialta) (I.R. 285 Uimh. de 2007)	1	
An tAcht Iomaíochta, 2002	1	
An tAcht um Shaoire Chúramóra, 2001	1	
An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998	1	
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dómhainneacht Fostóirí), 1984	1	
	6281	100

Aguisín 4

Gníomhaíochtaí Cigireachta agus Torthaí a fhad leis an 31 Nollaig 2016

Earnáil	Cásanna	Ag Sárú	Sárú (%)	Fostaithe	Neamhíochta Tuarastail (€)
Talmhaíocht	47	22	47%	1,009	30,137
Tógáil	69	34	49%	1,376	127,100
Glantachán Conartha	24	6	25%	7,980	9,480
Oibrí Tí	22	5	23%	11	4,728
Leictreach	5	3	60%	25	6,363
Iascaigh	9	0	0%	31	0
Bia agus Deoch	717	343	48%	10,634	332,903
Gruaig agus Áilleacht	89	47	53%	427	23,393
Altranas Sláinte agus Cúram Leanaí	73	15	21%	2,990	156,071
Óstán	89	31	35%	4,821	73,506
Déantúsaíocht	45	16	36%	3,974	25,385
Eile	283	112	40%	15,789	311,260
Seirbhísí Gairmiúla	126	25	20%	12,481	3,872
Slándáil	17	5	29%	3,667	52,779
Iompar	43	18	42%	774	16,072
Mórdhíol agus Miondíol	295	132	45%	8,804	348,550
OLLIOMLÁN	4,830	1,811	37%	74,793	1,521,600
Iomlán na gCuartheanna Fógartha	1,953	814	42%	-	-
Iomlán na gCuartheanna Neamhfhógartha	2,877	997	35%	-	-

Aguisín 5

Cigireacht agus Forfheidhmiú

Ciontuitha a bhí mar thoradh ar Ionchúisimh ó Eanáir go Nollaig 2016

Sonraí faoin bhFostóir

Earnáil

Reachtaíocht

Ming Feng Ltd.

ag trádáil mar

Bhialann Rose Palace

Bóthar an Tobair

Port Laoise, Contae Laoise

Bia agus Deoch

Na hAchtanna um
Cheadanna Fostaíochta,
2003 agus 2006

Michael Herbs

ag trádáil mar Herbst Manufacturing Ltd.

/Polo Wicklow

Cnoc Chill Phóil

Cill Mhantáin

Talmhaíocht

Na hAchtanna um
Cheadanna Fostaíochta,
2003 agus 2006

River View Chinese Restaurant
& Takeaway Ltd.

ag trádáil mar River View

1 Sráid na Mainistreach

Ama Baile Thiobraid Árann

Bia agus Deoch

Na hAchtanna um
Cheadanna Fostaíochta,
2003 agus 2006
An tAcht um Eagrú
Oibre, 1997

An tUasal Xie Xiao Biao Bia

Ama ag trádáil mar

River View Chinese Restaurant
& Takeaway Ltd.

1 Sráid na Mainistreach

Baile Thiobraid Árann

agus Deoch

An tAcht um Eagrú

Oibre, 1997

Xiu Yu Lin

Ama ag trádáil mar River View

1 Sráid na Mainistreach

Baile Thiobraid Árann

Bia agus Deoch

An tAcht um Eagrú

Oibre, 1997

Royal Court Chinese Restaurant Ltd.

ag trádáil mar Royal Court

Chinese Restaurant

Aonad 5-6 Teach Hawthorn

Bóthar Luimnigh

Inis, Contae an Chláir

Bia agus Deoch

Na hAchtanna um
Cheadanna Fostaíochta,
2003 agus 2006

<p>Xin Ju You Ltd. ag trádáil mar Apache & Peking 20-21 Sráid JKL. Éadan Doire Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Bin Zhao Stiúrthóir Xin Ju You Ltd. Árasán 2, 44 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Íoc Pá, 1991</p>
<p>Ru Jian Zhang Stiúrthóir Xin Ju You Ltd. Árasán 2, 44 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Kildangan Farm Ltd. Coill Daingin Cionn Átha Gad An Mhí</p>	<p>Talmhaíocht</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Mark Moore Stiúrthóir Kildangan Farm Ltd. Coill Daingin, Cionn Átha Gad An Mhí</p>	<p>Talmhaíocht</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Enda Moore Stiúrthóir Kildangan Farm Ltd. Coill Daingin, Cionn Átha Gad An Mhí</p>	<p>Talmhaíocht</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>

Sonraí faoin bhFostóir	Earnáil	Reachtaíocht
<p>Xiujun Yu ag trádáil mar Sunshine House An Príomhshráid Ráth Bhile Contae Cheatharlach</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Orchid House Ltd. ag trádáil mar Orchid Harbour An Príomhshráid Cill Mhucraise, Guaire Contae Loch Garman</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>An tUasal Fei Fei Song ag trádáil mar New Star House Chinese Takeaway Crosaire Fhiodh Alúine Fiodh Alúine, an Nás Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Good Days Chinese Restaurant Cheadanna Fostaíochta, & Takeaway Ltd. ag trádáil mar Good Days Takeaway Ionad Siopadóireachta Finlay Bóthar Ráth Iomgháin, Mainistir Eimhín Contae Chill Dar</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um 2003 agus 2006</p>
<p>Melanie An ag trádáil mar Good Days Takeaway Ionad Siopadóireachta Finlay Bóthar Ráth Iomgháin, Mainistir Eimhín, Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Xun Liu ag trádáil mar Good Days Takeaway Ionad Siopadóireachta Finlay Bóthar Ráth Iomgháin, Mainistir Eimhín, Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>

Rajpal Singh ag trádáil mar Spicy Food Guru Takeaway Bóthar an Phoirt Leitir Ceanainn Ama Contae Dhún na nGall	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 An tAcht um Eagrú Oibre, 1997
Fei Fei Song ag trádáil mar New Star House Chinese Takeaway Crosaire Fhiodh Alúine Fiodh Alúine Contae Chill Dara	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
Xiao Yong Wang ag trádáil mar Emperors House Restaurant Teach JFL Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair Port Laoise, Contae Laoise	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
Louise Rafferty ag trádáil mar Ace Contract Cleaners Naas 40 Bóthar Pacelli An Nás Contae Chill Dara	Glanadh ar Conradh	An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
Brian Case ag trádáil mar Mario's Takeaway 3 Sráid na nGael Bun Clóidí Contae Loch Garman	Bia agus Deoch	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
Ozzies Diner Ltd. ag trádáil mar Mick the Chipper and Ozzies Diner/Ambrose Maloneys Cearnóg an Mhargaidh, Bun Clóidí, Contae Loch Garman agus Cuan Bhaile na Cúirte Guaire, Contae Loch Garman	Bia agus Deoch	An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Sonraí faoin bhFostóir	Earnáil	Reachtaíocht
<p>Yue Jiao Liu ag trádáil mar Denis Kebab House Cnoc an Chaisleáin Inis Córthaidh Contae Loch Garman</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Íoc Pá, 1991</p>
<p>Shi Qi Chen ag trádáil mar Emperor Palace An tSráid Ard Tuaim Contae na Gaillimhe</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Ceadanna Fostaíochta Achtanna 2003 agus 2006</p>
<p>J.S.F. Construction Ltd. ag trádáil mar J.S.F. Construction Plás Wellington Sráid Wellington Cluain Meala, Contae Thiobraid Árann</p>	<p>Tógáil</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Tao Chen ag trádáil mar Dynasty Restaurant Teach Eagle An Príomhshráid Baile Haicéid, Contae Cheatharlach</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Tao Chen ag trádáil mar Taos Chinese Restaurant Lána Hawkins Sráid na Mainistreach An Tulach, Contae Cheatharlach</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Parmatma Ltd. ag trádáil mar Saffron 19 Sráid an Chaisleáin Bré Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>

<p>Mahmood Ahmad ag trádáil mar Flames Takeaway 26 Sráid an Chaisleáin An Chathair Contae Thiobraid Árann</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006</p>
<p>Jin Shan Chinese Restaurant ag trádáil mar Peking Apache Pizza Bóthar Bhaile Átha Cliath Mainistir Eimhín Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Yuan Zhao ag trádáil mar Peking Apache Pizza Bóthar Bhaile Átha Cliath Mainistir Eimhín Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Fika Ros Ltd. ag trádáil mar Curvy Girls Fitness Sráid Anraí Tulach Mhór Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Eile (Hall Gleacaíochta/ Ionad Aclaíochta)</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Sorat Shan Khan ag trádáil mar Pizza Dome 10 Cé na gCeannaithe Port Láirge</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Asghar Ali Khan ag trádáil mar Pollard Fast Food & Indian Take Away Baile na gCros Contae na hIarmhí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 An tAcht um Íoc Pá, 1991</p>

Sonraí faoin bhFostóir	Earnáil	Reachtaíocht
<p>Giu Liu ag trádáil mar Peking Apache 9 Sráid an Chalafoirt Tulach Mhór Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Xun Liu ag trádáil mar Peking Apache 9 Sráid an Chalafoirt Tulach Mhór Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Duan Yi Gao ag trádáil mar Jade Garden Sráid na Mainistreach An Tulach Contae Cheatharlach</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Muhammad Ibrahim ag trádáil mar Hot Corner Cúirt Mulcair Aonad 7, An Bóthar Dubh An Port Nua, Contae Thiobraid Árann</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Nessa Foods Ltd. ag trádáil mar Indie Spice 3 An Rae Nua An Nás Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Tariq Salahuddin ag trádáil mar Nessa Foods Ltd. 3 An Rae Nua An Nás Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>

<p>Analog Digital Security Systems Ltd. ag trádáil mar Analog Digital Security Systems Bóthar Chill Mocheallóg Ionad Fiontair Luimneach</p>	<p>Slándáil</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Linkat Ltd. ag trádáil mar Peking Inn An Príomhshráid Achadh an Iúir Contae an Chabháin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Mamo Café Ltd. ag trádáil mar Peking Inn Aonad 2, Mainéar Ardlo An Mullach Contae an Chabháin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Peking Inn Ltd. ag trádáil mar Peking Inn An Príomhshráid Coill an Chollaigh Contae an Chabháin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Muhummad Atif Khan Árasán 135, An tUbhchruth Gleann na Tuláí Cábán tSíle Baile Átha Cliath 18</p>	<p>Fostaí</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Golden Jade Ltd. ag trádáil mar Golden Jade Restaurant Uluru Bóthar Dhún Mór Contae Phort Láirge</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>

Sonraí faoin bhFostóir	Earnáil	Reachtaíocht
<p>Mircea Cirpaci ag trádáil mar Niteoir Gluaisteán Bóthar an Phiarsaigh Leitir Ceanainn Contae Dhún na nGall</p>	<p>Eile (Niteoir Gluaisteán)</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p> <p>An tAcht um Íoc Pá, 1991 An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Wayrom Ltd, ag trádáil mar Ecokell Brushwood Ovens Contae Chorcaí</p>	<p>Glanadh ar Conradh</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 An tAcht um Íoc Pá, 1991</p>
<p>Anphabe Ltd. ag trádáil mar Benny's Chinese Restaurant 18 Ionad Siopadóireachta Shráid an Chaisleáin, Bré Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>David Sheridan ag trádáil mar Brookville B&B Bóthar Raithin Tulach Mhór Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Óstán</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Denis O'Riordan ag trádáil mar Mostly Just 2 Euro Sráid Phádraig Mainistir Fhear Maí Contae Chorcaí</p>	<p>Mórdhíol agus Miondhíol</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>Xitong Wu ag trádáil mar Oriental Express 70 Cearnóg an Mhargaidh Muinchille Contae an Chabháin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>

Golden Spring Chinese Takeaway ag trádáil mar Golden Spring Chinese Takeaway Aonad 260 Cúirt Gandon Port Laoise Contae Laoise	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
Minfa Ltd. ag trádáil mar New Oriental Star Clós Mhaitiú Cúil an tSúdaire Contae Laoise	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
Defa Chen ag trádáil mar New Oriental Star Clós Mhaitiú Cúil an tSúdaire Contae Laoise	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
Qin Juan Gao ag trádáil mar New Oriental Star Clós Mhaitiú Cúil an tSúdaire Contae Laoise	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
An tUasal Kevin Lee ag trádáil mar Silks Restaurant An tIonad Feistithe Mullach Íde Contae Bhaile Átha Cliath	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006
An tUasal Tung Wah Lee Bo Bo Catering Limited ag trádáil mar Silks Restaurant An tIonad Feistithe Mullach Íde, Contae Bhaile Átha Cliath	Bia agus Deoch	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006

Sonraí faoin bhFostóir	Earnáil	Reachtaíocht
<p>Midland Web Printing Limited ag trádáil mar Midland Web Printing Limited Synegield Biorra Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Eile (Clódóirí)</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Arnold Fanning (Tugtar James Fanning air chomh maith) ag trádáil mar Midland Web Printing Ltd. Syngefield Biorra, Contae Uíbh Fhailí</p>	<p>Eile (Clódóirí)</p>	<p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p>
<p>Miller Bros Stone Development Co. Ltd. ag trádáil mar Miller Bros Stone Development Co. Ltd. Lána Charvey Ráth Naoi, Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Tógáil</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p> <p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>F & I Ventures Ltd. ag trádáil mar Tandoori Night Bóthar an Stáisiúin Baile Mhic Andáin Contae Chill Chainnigh</p>	<p>Cuideachta Theoranta</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p> <p>An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000</p> <p>Ceadanna Fostaíochta 2003 agus 2006</p>
<p>Irfan Saleem ag trádáil mar Tandoori Night Bóthar an Stáisiúin Baile Mhic Andáin Contae Chill Chainnigh</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p> <p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Martin O'Connor ag trádáil mar Derryclare Restaurant Cearnóg an Mhargaidh An Clochán Contae na Gaillimhe</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>

<p>Superior Bistro & Pizza Limited ag trádáil mar Peking Apache Pizza Teach Fhreidric Sráid Fhreidric Cill Dhéagláin, Contae na Mí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Vivaj Ltd. ag trádáil mar The Red Chilli 16 Plás Brennon Bré Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>An tUasal Vivek Hooda ag trádáil mar The Red Chilli 16 Plás Brennon Bré Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>An tUasal Ajayveer Malhan ag trádáil mar The Red Chilli 16 Plás Brennon Bré Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>Xian Zi Huang ag trádáil mar China Kitchen Aonad 7, Cnoc an Chaptaein Léim an Bhradáin Contae Chill Dara</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>You Ling Want ag trádáil mar New Century Oriental Takeaway Martins Bar Baile na hAbhna Cuaille, Contae Lú</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>

Sonraí faoin bhFostóir	Earnáil	Reachtaíocht
<p>Chee Ming Look ag trádáil mar Ming Garden 38 An Phríomhshráid Guaire Contae Loch Garman</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>E & W Catering Limited ag trádáil mar Mings Court Chinese Restaurant Cois na Mara Cé Mhic Dháibhéid Dún Garbhán, Contae Phort Láirge</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p> <p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>
<p>An tUasal Weijie Zheng ag trádáil mar King Ding Ltd. ag trádáil mar Tenda Oriental Chinese Restaurant An Phríomhshráid Damhliag, Contae na Mí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>An tUasal Xiaojin Lin ag trádáil mar King Ding Ltd. ag trádáil mar Tenda Oriental Chinese Restaurant An Phríomhshráid Damhliag, Contae na Mí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>King Ding Ltd. ag trádáil mar Tenda Oriental Restaurant & Takeaway An Phríomhshráid Damhliag, Contae na Mí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>
<p>An tUasal Li Chong ag trádáil mar Sunrise Chinese Restaurant & Take Away An Phríomhshráid Damhliag, Contae na Mí</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta, 2003 agus 2006</p>

<p>Ling Chen ag trádáil mar Stiúrthóir Ho Ting Aonad 7, Ionad Siopadóireachta Chnoc an Ghainimh Bóthar Bhaile Haicéid Ceatharlach</p>	<p>Bia agus Deoch</p>	<p>An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997</p>

Nótaí

Nótaí

Áras Lansdún, Bóthar Lansdún,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4, Éire D04 A3A8.

Lansdowne House,
Lansdowne Road, Ballsbridge,
Dublin 4, Ireland D04 A3A8.

T: 1890 22 02 27 or +353 (0)1 613 6700
F: +353 (0)1 613 6701

R-phost: info@workplacerelations.ie
www.workplacerelations.ie